



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2021
(OR. en)

14365/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0376 (COD)

EF 364
ECOFIN 1166
CODEC 1543
IA 190

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Samhain 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 721 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE maidir le socruithe tarmhligin, bainistiú priacail leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 721 final.

Faoi iamh: COM(2021) 721 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 721 final

2021/0376 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE maidir le socruithe tarmligin,
bainistiú priacail leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus
cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 570 final} - {SWD(2021) 340 final} - {SWD(2021) 341 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Cuirtear leasuithe chun cinn sa togra reachtach seo ar an Treoir maidir le Bainisteoir Cistí Infheistíochta Malartacha (AIFMD – Treoir 2011/61/AE)¹ agus, a mhéid is ábhartha, ar an Treoir a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíocht in urrúis inaistrithe ('GCU') (UCITSD- Treoir 2009/65/CE)².

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm raon feidhme AIFMD mar a sainordáíodh le hAirteagal 69 den Treoir. Mheas an Coimisiún go bhfuil roinnt saincheistean ar tarraingíodh aird orthu san athbhreithniú ar AIFMD chomh hábhartha céanna maidir le gníomhaíochtaí GCU. Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra reachtach seo aghaidh a thabhairt ar na saincheistean sin trí AIFMD agus UCITSD a leasú chun a gceanglais a ailíniú ar bhealach níos fearr.

Glacadh AIFMD an 8 Meitheamh 2011 mar chuid den fhreagairt bheartais ar an ngéarchéim airgeadais dhomhanda, rud a nocht laigí agus leochaileachtaí i ngníomhaíochtaí cistí áirithe lena bhféadfaí rioscaí don chóras airgeadais go ginearálta a mhéadú³.

Mar thionscnamh rialála iar-ghéarchéime, tá cur chuige comhsheasmhach maoirseachta á lorg le AIFMD maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí Cistí Infheistíochta Malartacha ('AIFanna') a bheith á gcruthú nó á gcur i láthair chuig an gcóras airgeadais. Tá sé d'aidhm ag an Treoir freisin cosaint ardleibhéil a thabhairt d'infheisteoirí agus comhtháthú AIFanna i margadh an Aontais⁴ á éascú san am céanna. Tá ceangal ar Bhainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha ('BCIManna') rioscaí a bhainistiú go héifeachtach agus trédhearcacht leordhóthanach a áirithiú i ngníomhaíochtaí CIManna atá á mbainistiú acu. Agus na ceanglais sin á gcomhlíonadh acu, tá siad in ann CIManna a bhainistiú agus a mhargú le hinfeisteoirí gairmiúla ar fud an Aontais agus údarú aonair acu óna maoirseoir baile⁵. Is cuid thábhachtach é AIFMD d'Aontas na Margaí Caipitil ('CMU')⁶ anois a bhuí leis an gcumas atá ag cistí infheistíochta rochtain a thabhairt ar fhoinsí maoinithe margadhbhunaithe agus lena chur ar chumas infheisteoirí a gcoigilteas a leithdháileadh ar bhealach níos fearr thar an tréimhse ama roghnaithe i gcomhréir lena gcuid fabhar.

Is é tátal an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún ar raon feidhme agus ar fheidhmiú chreat dlíthiúil AIFMD gur éifeachtach den chuid is mó iad caighdeáin AIFMD chun ardleibhéil

¹ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1 (AIFMD)).

² Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCU) a chomhordú (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

³ Supra 1.

⁴ Aithrisí 2 - 4 agus 94 de AIFMD.

⁵ Airteagal 32(1) de AIFMD.

⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Aontas na Margaí Caipitil do dhaoine agus do ghnólaigh – plean gníomhaíochta nua, (COM/2020/590 final).

cosanta infheisteoirí a áirithiú⁷. Tá gá leis na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa, nochtadh agus ceanglais trédhearcachta chun infheisteoirí a chosaint. Maidir le ceanglais luachála, atá riachtanach chun sciar gach infheisteora in CIM ar leith a bhunú agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht CIM, tá méadú tagtha ar smacht agus ar struchtúr an phróisis luachála sócmhainní. Ar deireadh, déanann an córas taisce lena mbunaítear dualgaí agus dliteanas taiscí, lena n-áirítear sócmhainní CIM a choinneáil slán agus maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí CIM, leasanna infheisteoirí a chosaint. Tacaíonn sé freisin le feidhmiú ordúil mhargadh na gcistí infheistíochta.

Is iad an chobhsaíocht airgeadais agus sláine an mhargaidh príomhchuspóirí AIFMD⁸. Le AIFMD, tugadh isteach uirlisí chun faireachán macrastuamachta agus maoirseacht ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais a fheabhsú. Ceanglaítear ar BCIManna tuairisc a thabhairt do mhaoirseoirí ar phríomh-neamhchosaintí CIM, ar a bpróifíl leachtachta agus ar ghíaráil. Leis an tuairisciú maoirseachta, tacaíodh le maoirseacht mhacrastuamachta éifeachtach agus cuidíonn sé maidir le faireachán a dhéanamh ar an margadh ach d'fhéadfaí gráinneacht na sonraí a tuairiscíodh a fheabhsú. Chruthaigh AIFMD líonra éifeachtach um chomhar maoirseachta arna chomhordú ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí ('ÚEUM'), agus tá an líonra sin ag cur le cóineasú na gcineálacha cur chuige maoirseachta i leith gníomhaíochtaí CIM san Aontas Eorpach.

Léirítear i measúnú an Choimisiúin go bhfuil cuspóirí AIFMD á mbaint amach tríd is tríd agus go bhfuil comhchuibhiú na gcaighdeán rialála tar éis comhtháthú mhargadh cistí comhinfeistíochta na hEorpa a éascú⁹. Mhéadaigh earnáil na gcistí infheistíochta beagnach faoi thrí ó 2008 i leith, ó shócmhainní EUR 5.5 trilliún go breis agus sócmhainní EUR 15 trilliún, agus tá méadú suntasach tagtha ar a sócmhainní mar chéatadán de shócmhainní iomlána na hearnála airgeadais¹⁰. Tá idirnáisc aige leis an earnáil airgeadais i gcoitinne, rud a fhágann go bhfuil sé tábhachtach rioscaí sistéamacha a d'fhéadfadh a bheith ann a bhainistiú go hiomchuí¹¹.

Tá rialacha ginearálta maidir le bainistiú leachtachta, maidir le húsáid gíarála agus maidir leis an luacháil chun rioscaí a bhainistiú ar leibhéal an chiste le fáil in AIFMD. Mar sin féin, níl na ceanglais sin sonrach go leor chun na sainiúlachtaí a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iasachtaithe dhírigh ag CIManna a ghabháil go hiomlán agus chun aghaidh a thabhairt ar na micrearioscaí agus ar na macrarioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar thoradh ar ilroinnt rialála, i gcás ina mbunaítear creataí náisiúnta chun tionscnamh iasachtaí ag cistí a rialú, maidir le héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar ghníomhaíochtaí cistí den sórt sin agus a d'fhéadfadh a bheith ar fud an mhargaidh, bíonn deacrachtaí ann iad a aithint agus freagairt éifeachtach a thabhairt orthu. Ina theannta sin, déanann cineálacha éagsúla cur chuige rialála náisiúnta dochar do bhunú margaidh inmheánaigh éifeachtúil le

⁷ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle lena ndéantar measúnú ar chur i bhfeidhm agus ar raon feidhme Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha (COM/2020/232 final).

⁸ Ceanglaítear ar BCIManna taisce aonair a cheapadh do gach CIM atá á bhainistiú acu chun sócmhainní CIM a choinneáil slán, chun faireachán a dhéanamh ar shreafaí airgid agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh CIM na rialacháin agus na rialacha cistí ábhartha.

⁹ Supra 7.

¹⁰ Foinse: ECB SDW. In 2008, b'ionann sócmhainní na gcistí infheistíochta sa limistéar euro agus thart ar 13 % de shócmhainní iomlána na hearnála airgeadais, i gcomparáid le beagnach 20 % in 2020 (foinse: [Feasachán Macrastuamachta BCE](#) Aibreán 2021).

¹¹ Féach e.g. ESRB NBFi Monitor 2020, lgh. 59, 62-63 (foinse: https://www.esrb.europa.eu/pub/pdf/reports/nbf_monitor/esrb.202010_eunon-bankfinancialintermediat_ionriskmonitor2020~89c25e1973.en.pdf?588be9e8391cfb17584d2a283dfe0abe).

haghaidh AIFanna lena dtionscnaítear iasachtaí trí arbatráiste rialála agus leibhéil éagsúla cosanta infheisteoirí a chur chun cinn.

Ina theannta sin, léirigh an t-athbhreithniú go bhfuil bearnaí nó easpa sonraí riachtanacha sna sonraí margaidh a chuirtear faoi bhráid na n-údarás maoirseachta, rud a lagaíonn cumas na n-údarás méadú agus tionchar rioscaí don chóras airgeadais i gcoitinne a aithint. Is é is aidhm don togra reachtach feabhas a chur ar bhailiú na sonraí ábhartha agus deireadh a chur le dúbailt neamhéifeachtúil tuairiscithe a d'fhéadfadh a bheith ann faoi phíosáí eile den reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta i gcomhréir leis an straitéis ginearálta maidir le sonraí maoirseachta, mar a fógraíodh sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh¹².

Cuireann Uirlisí Bainistíochta Leachtachta ('LMTanna') ar chumas bainisteoirí cistí neamhiata, lena n-áirítear AIFanna nach bhfuil dáta deiridh luaite leo agus cistí uile GCUI, aghaidh a thabhairt ar bhrúanna fuascailte faoi dhálaí anáis sa mhargadh agus cosaint níos fearr a thabhairt do leasanna infheisteoirí. Molann an Bord Eorpach um Riosca Sistémach ('BERS') agus ÚEUM comhchuibhiú ar na rialacha maidir le húsáid LMTanna. Faoi láthair, ní dhéantar foráil maidir le sraith íosta comhchuibhithe LMTanna le AIFMD agus UCITSD¹³.

Ina theannta sin, d'fhéadfaí freastal níos fearr ar leasanna infheisteoirí dá leasófaí rialacha AIFMD chun éifeachtúlachtaí i margadh na seirbhísí taisce a mhéadú. An ceanglas AIFMD atá ann faoi láthair go mbeadh taisce lonnaithe sa Bhallstát céanna leis an CIM AE ceapacháin, is deacair é a chomhlíonadh i margaí níos lú, níos comhchruinnithe, ina bhfuil líon níos lú soláthraithe seirbhíse. De dheasca easpa iomaíochta, tá costais bhreise ar bhainisteoirí cistí agus ar struchtúir cistí nach bhfuil chomh héifeachtúil, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thorthaí infheisteoirí. Tá an acmhainneacht ann gnóthachain éifeachtúlachta i mbainistiú cistí infheistíochta a mhéadú trí chomhchruinniú sa mhargadh taisce a chaolú i margaí náisiúnta áirithe agus, ag an am céanna, a áirithiú go gcloífídh soláthraithe seirbhíse le caighdeáin Eorpacha.

Tá fianaise ann nach féidir le taiscí a gcuid dualgas a dhéanamh uaireanta i gcás ina gcoinníonn Taisclann Lárnach Urrús ('CSD')¹⁴ sócmhainní an chiste. Ní mheastar gur toscairí de chuid na taisce iad CSDanna¹⁵. Ní ráthaíonn an staid dhlíthiúil sin i ngach cás sreabhadh cobhsaí faisnéise idir coimeádaí shócmhainn CIM nó GCUI agus an taisce. Dá bhrí sin, ní féidir le taiscí a ndualgais mhaoirseachta a chomhlíonadh go héifeachtach mura bhfuil sreabhadh seasmhach faisnéise ann maidir leis na gluaiseachtaí punainne. Is féidir leis an staid dhlíthiúil sin dochar a dhéanamh do chosaint infheisteoirí.

Ceadaítear leis an gcóras tarmhigin sna creataí dlíthiúla le haghaidh BCIManna agus GCUI bainistíocht éifeachtúil a dhéanamh ar phunanna infheistíochta agus chun an saineolas is gá i margadh geografach ar leith nó in aicme sócmhainní ar leith a aimsiú. Cuireann an múnla sin le rath chiste an Aontais agus lipéad bainisteora. Ag an am céanna, is é tátal na

¹² Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on a Digital Finance Strategy for the EU [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas Eorpach] (COM/2020/591 final).

¹³ Ina theannta sin, mura bhfuil sraith íosta LMTanna ann, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann idir na Ballstáit ó thaobh chomhtháthú an mhargaidh de.

¹⁴ Mar chuid de na bonneagair iarthrádála, oibríonn CSDanna córais socraíochta urrús, glacann siad páirt i rialú sláine eisiúna a chuirfidh bac ar chruthú nó ar laghdú míchuí urrús eisithe agus bíonn baint acu le comhthaobhacht a fháil le haghaidh oibríochtaí beartais airgeadaíochta mar aon le comhthaobhacht a aimsiú idir institiúidí creidmheasa. Tá urrúis a rannpháirtithe i seilbh CSDanna freisin.

¹⁵ An fhleasc deiridh d'Airteagal 21(11) de AIFMD.

meastóireachta, mar a dtacaíonn ÚEUM léi, i dtaca le cleachtais mhaoirseachta náisiúnta éagsúla maidir le ceanglais an Aontais maidir le bainistiú riosca nó punainne a tharmligean chuig tríú páirtithe, go gcruthaíonn siad neamhréireachtaí a d'fhéadfadh leibhéal foriomlán na cosanta infheisteoirí a laghdú¹⁶. Má bhíonn easpa soiléireachta ann maidir leis na caighdeáin rialála is infheidhme, laghdaítear an deimhneacht dhlíthiúil, méadaítear an éagsúlacht sna torthaí maoirseachta agus, i ndeireadh na dála, ní áirithítear leibhéal aonfhoirmeach cosanta infheisteoirí ar fud an Aontais.

Bheadh gá le bearta breise chun ceanglais na Treorach a chur chun feidhme lena n-áiríteofar go n-úsáidfíh BCIManna na hacmhainní daonna is gá chun cúraimí coinnithe a dhéanamh i gcás ina ndéantar cuid dá bhfeidhmeanna a tharmligean chuig tríú páirtithe, agus chun cuid mhór de na rialacha cur chun feidhme, mar a leagtar síos sa Rialachán maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha ('RBCIM') sa réimse seo, a aistriú chuig creat rialála GCUI¹⁷. Leagfaí amach na bearta sin i ngníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin a luaithe a thabharfar an sainordú chun é sin a dhéanamh tríd an togra seo a ghlacadh le haghaidh leasú na dtreoracha.

Moltar athruithe a dhéanamh ar AIFMD agus UCITSD maidir le tarmligean, bainistiú riosca leachtachta, tuairisciú sonraí chun críocha faireacháin margaidh agus láimhseáil rialála caomhnóirí, ach ba cheart AIFMD amháin a leasú a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí cistí infheistíochta lena dtionscnaítear iasachtaí agus le rochtain ar sheirbhísí taisce trasteorann.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na tograí chun reachtaíocht an Chiste Eorpaigh Infheistíochta a leasú i gcomhréir le plean an Choimisiúin maidir le hAontas Margaí Caipitil a glacadh an 24 Meán Fómhair 2020. Is é is aidhm d'Aontas na Margaí Caipitil sreabhadh caipitil ar fud an Aontais a chumasú chun leasa tomhaltóirí, infheisteoirí agus cuideachtaí, beag beann ar an áit ina bhfuil siad lonnaithe. Mar gheall ar ghéarchéim Covid-19, tá sé níos práinní Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach toisc go bhfuil maoiniú margadhbhunaithe rithabhachtach do théarnamh gheilleagar na hEorpa agus d'fhonn filleadh ar an bhfás fadtéarmach. Thacódh na hathruithe reachtacha atá beartaithe le comhtháthú margaidh, rud a bheidh ina chuidiú chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

I gcás Aontas na Margaí Caipitil atá éifeachtúil agus a ndéantar maoirseacht éifeachtach air, is féidir le cistí lena dtionscnaítear iasachtaí foinse eile maoinithe a chur ar fáil do chorpáraidí agus do FBManna na hEorpa, rud a fhágfaidh go mbeidh rochtain níos fearr acu ar réimse níos leithne de roghanna cistiúcháin a bhfuil praghas iomaíoch orthu¹⁸. D'fhéadfadh na cistí sin tacú go díreach le poist a chruthú, le fás eacnamaíoch, le nuálaíocht, leis an aistriú glas agus le téarnamh tar éis phaindéim Covid-19. Is féidir le cistí lena dtionscnaítear iasachtaí a bheith ina gcúlstop nó ina maolaire turrainge freisin nuair a chuirtear srian ar leachtacht trí leanúint de mhaoiniú iasachta a chur ar fáil i gcás inar tharraing iasachtóirí traidisiúnta siar ón margadh. Dá bhrí sin, tá na tograí reachtacha ailínithe leis an straitéis fhoriomlán maidir le hAontas na Margaí Caipitil chun leanúint de mhargadh inmheánach a thógáil le haghaidh

¹⁶ Litir ó ÚEUM chuig an gCoimisiún Eorpach an 18 Lúnasa 2020 maidir le hathbhreithniú AIFMD (foinse: [esma34-32-551_esma_letter_on_aifmd_review.pdf\(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/esma/34-32-551_esma_letter_on_aifmd_review.pdf)).

¹⁷ Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) Uimh. 231/2013 an 19 Nollaig 2012 (AIFMR) lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le diolúintí, coinníollacha ginearálta oibríochta, taiscí, gearáil, trédhearcacht agus le maoirseacht, lena n-áirítear ceanglais mionsonraithe maidir le tuairisciú maoirseachta ag CIManna (IO L 83, 22.3.2013, lgh. 1-95).

¹⁸ Supra 6.

seirbhísí airgeadais agus chun rochtain níos fearr a thabhairt do chuideachtaí Eorpacha ar mhaoiniú.

Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag na leasuithe atá beartaithe ar AIFMD agus UCITS leasanna infheisteoirí a chosaint ar bhealach níos fearr trína áirithiú go gcloífidh na bainisteoirí cistí infheistíochta, a tharmligeann a bhfeidhmeanna chuig tríú páirtithe, leis na hardchaighdeáin chéanna is infheidhme ar fud an Aontais.

Ina theannta sin, tá bearta maidir le hinfhaighteacht agus úsáid LMTanna le linn tréimhsí struis sa mhargadh sa togra lena leasaítear AIFMD. Leis an bhféidearthacht LMTanna a ghníomhachtú, is féidir luach airgead na n-infheisteoirí a chosaint, brú leachtachta ar an gciste a laghdú agus maolú ar impleachtaí riosca sistéamacha níos leithne i gcásanna struis ar fud an mhargaidh. Leis an togra maidir le tuairisciú maoirseachta, ar cuid é den Straitéis Airgeadais Dhigiteach¹⁹, cuidítear chun spás coiteann sonraí a bhunú san earnáil airgeadais. Bheadh sonraí a thuairiscíonn BCManna agus GCUI mar chuid de chóras comhtháite bailithe sonraí a chuirfeadh sonraí cruinne, inchomparáide, tráthúla ar fáil d'údaráis mhaoirseachta Eorpacha agus náisiúnta, agus na costais agus an t-ualach tuairiscithe comhiomlán ar na páirtithe go léir á n-íoslaghdú ag an am céanna.

Ina theannta sin, beidh tionchar ag an athbhreithniú ar AIFMD ar na BCManna a bhainistíonn AIFanna arna rialú leis an Rialachán maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha ('ELTIF') (ELTIFR – Rialachán (AE) 2015/760)²⁰. Is rialachán Eorpach maidir le táirgí é ELTIFR, a ndéantar athbhreithniú air i gcomhthráth le AIFMD agus glactar togra reachtach chun ELTIFR a leasú an lá céanna leis an togra seo. Is dócha go mbainfidh AIFManna a bhainistíonn ELTIFanna tairbhe as rochtain níos éasca ar sheirbhísí taisce trasteorann, má tá na cistí sin lonnaithe i margaí níos lú. Dá bhfeabhsófaí na ceanglais maidir le tuairisciú maoirseachta, bheadh tionchar dearfach aige sin ar an ualach comhlíonta a bheadh ar AIFManna a bheith ag bainistiú ELTIFanna san fhadtéarma. Bheadh tionchar dearfach ar leasanna infheisteoirí ag CSDanna a chur san áireamh sa líne chúraim i ndáil leis an gcion de shealúchais ELTIF, a d'fhéadfadh na taisclanna lárnacha urrús a choinneáil faoi choimeád.

Bainfidh pointe eile idirghníomhaíochta idir ELTIFR agus AIFMD leasaithe le gníomhaíochtaí tionscanta iasachta. Leis an Treoir atá beartaithe, d'fhorchuirfí roinnt prionsabal ginearálta ar BCManna atá gníomhach i margaí creidmheasa. Na tairseacha atá beartaithe maidir le hiasachtú ó AIFanna le hinstiúidí airgeadais, tá siad ag teacht leis an tairseach éagsúlaithe is infheidhme maidir leis na ELTIFanna sin a mhargaítear le hinfeisteoirí miondíola amháin. I gcás ina mbeadh éagsúlacht idir AIFMD agus ELTIFR, bheadh feidhm ag rialacha táirgí ELTIFR mar *lex specialis*.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Trí mhargadh inmheánach a chruthú do chistí lena dtionscnaítear iasachtaí, táthar ag súil go méadófar infhaighteacht foinsí malartacha maoinithe don fhiorgheilleagar. Is dócha go n-éascófar an t-aistriú chuig an todhchaí inbhuanaithe le gníomhaíochtaí na gcistí sin sa mhargadh creidmheasa trí infheistíocht a dhéanamh sa gheilleagar glas, rud a thacóidh le cuspóirí ginearálta Mhargadh Glas na hEorpa.

¹⁹ Supra 12.

²⁰ Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lgh. 98-121).

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 53(1) CFAE (sean-Airteagal 47(2) CE) an bunús dlí le Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE. Maidir leis na roghanna beartais a roghnaíodh agus dearadh sonrach na rialacha, is é Airteagal 53(1) CFAE an bunús dlí iomchuí maidir le gabháil le gníomhaíochtaí daoine féinhostaithe agus iad a shaothrú. Úsáidtear é sin chun rialáil a dhéanamh ar idirghabhálaithe airgeadais, a seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta.

Is é is aidhm do na feabhsuithe atá beartaithe ar AIFMD próisis fhónta a chur chun cinn maidir le tionscnamh iasachtaí ó CIManna agus comhtháthú margaidh a chur chun cinn sa deighleog sin, agus é á áirithiú ag an am céanna go ndéanfar faireachán níos fearr ar na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais ar an iomlán. Ní mór na rialacha maidir le hinfhaighteacht agus úsáid uirlisí bainistithe leachtachta ag BCIManna agus GCUI a chomhchuihbhiú chun a áirithiú go mbeidh aon fhreagairt ó bhainisteoirí cistí nach bhfuil dáta deiridh luaite leo nó ó mhaoirseoirí i gcásanna struis ar an margadh níos éifeachtaí. Is é an aidhm atá le rochtain ar sholáthar trasteorann seirbhísí taisce a éascú, comhtháthú breise a dhéanamh ar mhargadh AIF an Aontais, rud lena n-áiríteofar ardleibhéal cosanta d'infheisteoirí. Is é is aidhm don togra cur chuige comhleanúnach a bhaint amach maidir le gníomhaíochtaí arna dtarmligean ag bainisteoirí agus maoirseoirí cistí infheistíochta Eorpacha.

Ní féidir le gníomhaíochtaí aontaobhacha na mBallstát bearnaí rialála AIFMD a líonadh agus na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhonn aonair. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Glacadh AIFMD agus UCITSD agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta, saothraíodh na cuspóirí atá trasnáisiúnta ó nádúr chun deireadh a chur le hilroinnt an mhargaidh, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí do chobhsaíocht airgeadais agus chun ardleibhéal cosanta d'infheisteoirí a áirithiú. Ba í an Treoir an ionstraim a roghnaíodh chun cothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir leibhéal an Aontais agus an leibhéal náisiúnta.

Leis na feabhsuithe ar AIFMD agus UCITSD a bheartaítear, cuirtear i gcrích an struchtúr rialála seo le ceanglais rialála agus soiléirithe breise, agus is é is aidhm leo an chothromaíocht a chaomhnú idir príomhbhearta rialaithe riosca a chomhchuihbhiú agus solúbthacht na mBallstát a chaomhnú chun na caighdeáin rialála a comhaontaíodh a chur chun feidhme.

• Comhréireacht

Leis na leasuithe atá beartaithe, urramaítear prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus ní théann siad thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach maidir le margadh aonair le haghaidh CIManna a chur i gcrích, agus ag an am céanna cur chuige comhleanúnach a áirithiú maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ar mhargadh CIM an Aontais agus ar chosaint ardleibhéil d'infheisteoirí.

I gcás inarb iomchuí, is mar phrionsabail ghinearálta a cheaptar ceanglais nua a fhorchuirtear ar BCIManna a bhainistíonn CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí. I gcás ina bhfuil na ceanglais rialála sainiúil, ní chuirfidh siad isteach gan ghá ar na samhlacha gnó atá ann cheana. Maidir le cosaint infheisteoirí, na ceanglais bhreise atá beartaithe maidir le nochtheadh tá siad i gcomhréir leis an gcleachtas margaidh is fearr agus ba cheart iad a leathnú chuig gach infheisteoir san Aontas chun an leibhéal céanna cosanta infheisteoirí a áirithiú.

Leis na tograí chun rochtain trasteorann ar sheirbhísí taisce a chumasú, baintear amach an chothromaíocht cheart idir CIM agus riachtanais infheisteoirí, rud a sheachnaíonn na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura raibh aon rialachán cuimsitheach ann ar na seirbhísí taisce ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, is gá taisclanna lárnacha urrús a chur san áireamh sa líne chúraim chun an bhearna rialála a dhúnadh a dhéanann dochar do chumas taiscí a ndualgais a chomhlíonadh agus a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'infheisteoirí CIM agus GCUI. Tá beart atá beartaithe comhréireach agus cuirtear san áireamh leis stádas na n-eintiteas atá ceadúnaithe cheana féin.

Caomhnaítear gnéithe luachmhara na ngníomhaíochtaí sin sna soiléirithe a mholtar do na córais tarmligin agus áirithítear ag an am céanna go n-úsáidfear acmhainní daonna leordhóthanacha chun maoirseacht a dhéanamh go gcoimeádann bainisteoir CIM nó GCUI na feidhmeanna tarmligthe agus lárnacha.

Dá bhrí sin, tá an togra reachtach i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú.

- **An rogha ionstraime**

Leasaítear leis an togra seo Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE. Dá bhrí sin, is iomchuí Treoir a roghnú mar ionstraim chun na rialacha atá ann cheana a athrú.

Is é an cuspóir atá ann, maidir le rialacha náisiúnta lena méadaítear ilroinnt an mhargaidh, lena gcruthaítear neamhéifeachtúlachtaí i margadh CIM agus lena ndéantar dochar do chosaint infheisteoirí CIM agus GCUI, na rialacha sin a chomhchuibhiú. Is é is aidhm don togra caighdeán rialála a chomhchuibhiú agus a shoiléiriú a mbeidh na Ballstáit in ann iad a thrasú ina ndlíthe náisiúnta, comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn, faireachán ar an margadh a fheabhsú agus an leibhéal céanna cosanta infheisteoirí a áirithiú ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, is í Treoir lena dtugtar isteach na leasuithe is gá ar na Treoracha atá ann cheana lena rialaítear gníomhaíochtaí AIFM agus GCUI an rogha is iomchuí.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar AIFMD agus tháinig sé ar an gconclúid gur oibrigh AIFMD go maith agus gur bhain sé amach a chuspóirí den chuid is mó creat éifeachtach maoirseachta a bhunú le haghaidh BCManna, creat lena n-áiritheofar ardleibhéal cosanta d'infheisteoirí agus lena n-éascófar cruthú mhargadh CIM an Aontais. Mar sin féin, d'fhonn forbairtí nua sa mhargadh a chur san áireamh ó tháinig AIFMD i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as feabhsuithe a dhíríonn ar na gnéithe sin den chreat nár tugadh aghaidh orthu go leordhóthanach tráth tionscanta na Treorach.

Fágann cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta go bhfuil sé deacair seirbhísí a sholáthar i mBallstát eile agus cuirtear bac ar fhorbairt an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh CIManna. Le soláthar neamhleor seirbhísí taisce agus caighdeán rialála náisiúnta éagsúla le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí, déantar dochar do chothroime iomaíochta le haghaidh CIManna. Ina theannta sin, le rialacha náisiúnta éagsúla maidir le CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí agus rochtain neamhleor ar shonraí margaidh le haghaidh maoirseoirí, cruthaítear deacrachtaí do mhaoirseoirí deacrachtaí faireachán a dhéanamh ar an riosca don chobhsaíocht airgeadais agus sláine an mhargaidh a chaomhnú. Ar an gcaoi chéanna, cuireann infhaighteacht dhibhéirseach uirlisí bainistithe leachtachta teorainn le héifeachtacht freagartha

a d'fhéadfadh bainisteoirí cistí neamhiata nó a d'fhéadfadh maoirseoirí i gcásanna struis sa mhargadh a thabhairt. Ar deireadh, trí thuiscint éagsúil a bheith ag maoirseoirí ar rialacha tarmलगin, déantar dochar don deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh bainisteoirí cistí agus don ardleibhéal cosanta d'infheisteoirí, go háirithe i gcás ina dtarmligeann eintitis Eorpacha riosca nó bainistíocht punainne lasmuigh den Aontas Eorpach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

An 22 Deireadh Fómhair 2020, seoladh comhairliúchán poiblí maidir leis an athbhreithniú ar AIFMD ina raibh 102 cheist faoi ghnéithe éagsúla den athbhreithniú ar AIFMD. Dhún sí an 29 Eanáir 2021 agus tugadh 132 fhreagra uirthi.

Ní raibh tuairim ag beagán os cionn leath de na freagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le comhchuibhiú a dhéanamh ar na ceanglais le haghaidh BCManna a bhainistíonn AIFanna lena dtionscnaítear iasachtaí. Bhí na cumainn tionscail ba mhó sa ghrúpa sin. Bhí 23 % de na freagróirí den tuairim nach bhfuil gá le rialacha breise, ach i measc na n-údarás poiblí, d'aontaigh 7 as 10 mBallstát a d'fhreagair an comhairliúchán poiblí, maidir leis na ceanglais le haghaidh bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha a bhainistíonn CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí, go raibh gá leis na ceanglais sin a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais. Mheas siad go bhfuil gá le rialacha de chuid an Aontais chun cothroime iomaíochta a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar an ngníomhaíocht sin. Tá cothromaíocht mhaith sa togra idir a bhfuil riachtanach chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus chun forbairt mhargadh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí san Aontas a éascú.

Ar an gcaoi chéanna, thacaigh tromlach na n-údarás poiblí a d'fhreagair an comhairliúchán poiblí leis an moladh chun rialacha tarmलगin AIFMD agus UCITSD a shoiléiriú. I gcodarsnacht leis sin, measann formhór mór na bhfreagróirí ón tionscal go bhfuil na rialacha tarmलगin sách soiléir chun cosc a chur ar eintitis bosca poist a chruthú san Aontas. Mar sin féin, bhí roinnt freagróirí ag iarraidh soiléiriú breise a thabhairt maidir le cibé an dtagann cleachtas gnó faoi raon feidhme an tarmलगin, ós rud é go bhfuil difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit maidir lena léirmhíniú. Déantar foráil sa togra maidir leis na soiléirithe is gá agus sochair na gcóras tarmलगin faoi AIFMD agus UCITSD á gcaomhnú ag an am céanna.

Tá tacaíocht fhorleathan ann i measc páirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí chun uirlisí bainistithe leachtachta a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais (28/40 ar an iomlán, 8/9 údarás poiblí, 15/23 pháirtí leasmhar tionscail). Tá tacaíocht ann freisin chun feabhas a chur ar an gcomhar i measc na nÚdarás Inniúil Náisiúnta (ÚINanna) i gcás ina ngníomhachtaítear LMTanna (15/40 ar an iomlán, 5/9 údarás phoiblí, 6/23 páirtí leasmhar tionscail), go háirithe i gcásanna a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Tacaíonn siad leis an togra lena leathnaítear an fháil atá ar LMTanna ar fud an Aontais agus lena dtugtar cumhacht do bhainisteoirí cistí agus do mhaoirseoirí chun LMTanna a úsáid i ndálaí anáis sa mhargadh.

Tromlach na bpáirtithe leasmhara (thart ar 70 %) agus ÚEUM, sa tuairim uaidh, tacaíonn siad leis an moladh chun CSDanna a thabhairt isteach sa líne chúraim. Tá an togra comhréireach toisc nach n-éilítear leis taisclanna dícheall cuí a dhéanamh maidir leis na Taisclanna Lárnacha Urrús Eorpacha.

Maidir le margaí taisce níos lú, chuir na Ballstáit in iúl ina bhfreagairt ar an gcomhairliúchán poiblí gur thacaigh siad leis an rogha a coinníodh chun cumhacht a thabhairt do NCanna seirbhísí taisce a fháil thar theorainneacha. Níor thacaigh formhór na bhfreagróirí le pas taisce a thabhairt isteach agus luaigh siad an riosca go ndéanfaí margadh taisce a chomhchruinniú agus go mbeadh cosaint infheisteoirí níos ísle agus dúshlán mhaoirseachta ann. Dá bhrí sin,

tá beart á mholadh ag an gCoimisiún chun rochtain a oscailt ar sheirbhísí taisce thar an teorainn i gcás ina bhfuil gá leis sin go dtí go mbeidh forbairtí rialála dearfacha le brath sa réimse sin.

B'fhearr le tromlach na bpáirtithe leasmhara cur chuige incriminteach i leith athruithe féideartha ar cheanglais tuairiscithe maoirseachta le haghaidh AIFManna agus UCITS. Glactar an cur chuige sin sa togra, trí shainordú a thabhairt do na maoirseoirí grinnstaidéar féidearthachta a dhéanamh, lena n-áirítear féachaint ar na sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na ceanglais tuairiscithe maoirseachta atá ann cheana faoi dhlíthe éagsúla an Aontais.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Le linn dó athbhreithniú a dhéanamh ar AIFMD, bhain an Coimisiún úsáid as obair ullmhúcháin fairsing ó theagmhálaí seachtrach, a rinne suirbhé ginearálta agus a chuir staidéar fianaise-bhunaithe ar fáil ar éifeachtacht AIFMD²¹. Chuir an Coimisiún san áireamh freisin bealaí ó chomhdháil fhíorúil maidir leis an athbhreithniú ar AIFMD a eagraíodh an 25 Samhain 2020 agus ina raibh Feisire de Pharlaimint na hEorpa, maoirseoirí náisiúnta, BERS, ÚEUM, ionadaithe an tionscail agus leasanna na n-infheisteoirí rannpháirteach. Ina theannta sin, bhí an Coimisiún ag brath ar shonraí ó Morningstar agus ar fhaisnéis a cuireadh i láthair i dtuarascálacha ó ÚEUM, ón mBord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB) agus ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO), chomh maith le tuarascálacha, staidéir, suirbhéanna, páipéir seasaimh agus doiciméid ábhartha eile arna ndréachtú ag páirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí. Mheas an Coimisiún ionchur ó cheardlanna, ó chruinnithe déthaobhacha agus ó chomhairliúcháin leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara an tionscail, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, monaróirí táirgí, ionadaithe infheisteoirí miondíola agus cistí infheistíochta atá gníomhach in infheistíocht mhalartach. Ar deireadh, rinneadh athbhreithniú ar litríocht acadúil, go háirithe litríocht maidir leis na héifeachtaí a bhí ag AIFMD ar na margaí, ar chobhsaíocht airgeadais agus ar chosaint infheisteoirí.

• **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair chun an tionscnamh reachtach seo a ullmhú.

An 16 Iúil 2021, d'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála ('RSB') tuairim dhearfach ar an measúnú tionchair a cuireadh isteach le haghaidh an athbhreithnithe ar AIFMD agus d'iarr sé soiléiriú breise.

Barúlacha a tugadh sa tuairim ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála	Gníomhaíocht arna déanamh chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha sa mheasúnú tionchair
Ba cheart mínithe níos soiléire a thabhairt sa tuarascáil ar mhéid agus ar shainiúlachtaí na bhfadhbanna, go háirithe i ndáil le cistí lena dtionscnaítear iasachtaí agus soláthar teoranta seirbhísí taisce.	Chuir AS FISMA mínithe níos mionsonraithe ar na fadhbanna leis. Baineann na mínithe leis an méid seo a leanas go háirithe: - na rioscaí sistéamacha féideartha a bhaineann le fás sa deighleog den mhargadh CIM ina dtionscnaítear iasachtaí, na saincheisteanna a bhaineann le forbairt córas ilroinnte náisiúnta maidir le tionscnamh iasachta ar fud an Aontais;

²¹ Report on the Operation of the Alternative Investment Fund Managers Directive (AIFMD) - Directive 2011/61/EU, [Tuarascáil ar Fheidhmiú na Treorach maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha (AIFMD) – Treoir 2011/61/AE], (Tuarascáil KPMG, Nollaig 2018).

	- an staid maidir leis na margaí atá ag fulaingt ó sholáthar teoranta seirbhísí taisce agus an gá atá le hidirghabháil ar leibhéal an Aontais.
Ní dhéantar iniúchadh leordhóthanach sa tuarascáil ar na roghanna go léir atá ar fáil ar bhealach comhleanúnach, go háirithe maidir le comhchuibhiú na gceanglas maidir le cistí lena dtionscnaítear iasachtaí.	Thug AS FISMA míniú níos mionsonraithe ar an mbonn ar ar roghnaíodh an rogha thosaíochta agus a comhpháirteanna ar leith agus ar an réasúnaíocht ba bhun leis na roghanna a cuireadh i leataobh chomh maith leis na príomhdhifriochtaí idir na roghanna ar fad.
Ba cheart na héifeachtaí faoi seach a bhaineann le bearta comhchuibhithe agus laghdaithe riosca a phlé san anailís tionchair, agus ba cheart an tionchar ar an gcostas maoiniúcháin do FBManna a shoiléiriú ann.	Chuir AS FISMA mínithe breise isteach maidir le héifeachtaí an chomhchuibhithe, e.g. i ndáil le tionscnamh iasachta. Mhínigh sé freisin an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscnamh ar an margadh agus ar infhaighteacht/costas maoinithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.
Ba cheart tuilleadh mionsaothraithe a dhéanamh sa tuarascáil ar na réimsí a bhfuil cumas simplithe iontu agus ba cheart cainníochtú/sonraí a chur ar fáil inti, i gcás inar féidir.	Chuir AS FISMA fianaise riachtanach ar fáil agus, i gcás ina raibh siad ar fáil, sonraí breise, e.g. maidir le coigilteas do thaiscí agus d'úsáideoirí na seirbhísí taisce sna margaí níos lú. I gcás ina raibh sonraí ar iarraidh, chuir AS FISMA méadrachtaí faireacháin breise san áireamh chun a áirithiú go mbeidh sonraí breise ar fáil, e.g. i ndáil le tuairisciú.

Measadh ar cheart líon níos lú beart a mholadh le haghaidh BCIManna a bhainistíonn cistí lena dtionscnaítear iasachtaí agus a fhágann an chuid eile faoin rogha náisiúnta. Mar sin féin, bheadh baol ann nach mbainfí amach an cuspóir maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt shábháilte inbhuanaithe na hearnála sin mar gheall ar chineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta i leith cistí lena dtionscnaítear iasachtaí. Dá bhrí sin, mhol an rogha a coinníodh líon íosta coimircí le haghaidh na ngníomhaíochtaí cistí agus na bpróifílí riosca.

Rachaidh an rogha a coinníodh chun tairbhe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), go háirithe comhchuibhiú na gceanglas le haghaidh BCIManna a bhainistíonn CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí. Seachas tacaíocht a thabhairt d'éifeachtúlacht níos fearr maidir le bainistiú CIManna den sórt sin, is é is aidhm don rogha a coinníodh a chur ar chumas AIFanna creidmheas a thabhairt do ghnólachtaí thar an teorainn. I roinnt Ballstát, ní cheadaítear do CIManna iasachtaí a thionscnamh, nó coimeádtar an ceart sin do chistí arna mbunú go háitiúil. Dhéanfaí margadh na gcistí lena dtionscnaítear iasacht a chomhtháthú tuilleadh leis an athbhreithniú sin agus chruthófaí tuilleadh deiseanna gnó do na cistí sin. Mar thoradh air sin, d'osclófaí foinsí malartacha maoinithe do FBManna, go háirithe i gcás nach bhfuil siad in ann creidmheas a fháil ó na bainc.

Maidir le saincheist an tarmiligin, measadh níos mó cumhachtaí a thabhairt do ÚEUM chun a áirithiú go ndéanfaí na rialacha ábhartha AIFMD agus GCUI a fhorfheidhmiú ar bhealach níos comhleanúnaí san Aontas. Ag an bpointe seo, áfach, measadh go raibh an rogha seo i gcodarsnacht le prionsabal na coimhdeachta. Thángthas ar an gconclúid gur cheart tuilleadh faisnéise a sholáthar do ÚEUM maidir le socrúithe tarmiligin i gcásanna ina ndéantar bainistiú riosca nó punainne a tharmligean lasmuigh den Aontas agus gur cheart úsáid a bhaint as

cumhachtaí atá ar fáil cheana féin, amhail athbhreithnithe piaraí a dhéanamh. D'fhéachfadh an rogha a coinníodh le leibhéal aonchineálach cosanta infheisteoirí a áirithiú ar fud an Aontais.

Measadh athbhreithniú a dhéanamh ar cheanglais maidir le tuairisciú RBCIM gan sineirgí a lorg le creataí tuairiscithe eile atá ann cheana. Beidh costais shuntasacha comhlíonta i gceist le haon athrú ar na hoibleagáidí tuairiscithe maoirseachta. Dá bhrí sin, measadh go mbeadh sé níos praiticiúla athruithe reachtacha a mholadh nuair a bheadh níos mó soiléireachta ann cad atá riachtanach chun bheith níos gaire do spás coiteann sonraí san earnáil airgeadais. Cuireann an togra leis an gcuspóir sin trí pháirt a thabhairt do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) agus don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) i staidéar ar a indéanta atá sé na ceanglais tuairiscithe dhúbailte a chumasc agus cumhdach sonraí a leathnú chun gur féidir faireachán níos fearr a dhéanamh ar na margaí. Trí fheabhas a chur ar an tuairisciú maoirseachta, bheadh tionchar dearfach aige sin ar fhaireachán a dhéanamh ar na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais agus ar na rioscaí sin a bhainistiú.

Ar an gcaoi chéanna, i gcás bainistiú riosca leachtachta measadh leibhéil éagsúla idirghabhála chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Is í an rogha a roghnaíodh an rogha is lú saintreoir. Bheadh bainisteoirí cistí neamhiata in ann athcheannach nó fuascailt aonaid CIM nó GCUI nó scaireanna CIM nó GCUI a chur ar fionraí go sealadach. Cheanglófaí orthu freisin uirlis bainistíochta leachtachta amháin eile ar a laghad a roghnú, gan an rogha uirlise a fhorchur, agus ar an gcaoi sin go bhfágfaí bainisteoirí cistí leis an gcinneadh críochnaitheach, a d'fhéadfadh siad a ghníomhachtú i gcás ina mbeadh an méid sin riachtanach. Thacódh an beart seo le cobhsaíocht an chórais airgeadais.

Rogha amháin a measadh is ea pas taisce a thabhairt isteach. Measadh nach raibh an rogha sin indéanta, áfach, i bhfianaise nach ndearnadh comhchuibhiú ar leibhéal an Aontais ar na dlíthe urrús agus dócmhainneachta. Beartaítear leis an rogha a coinníodh, dá bhrí sin, rochtain trasteorann ar sheirbhísí taisce a cheadú i gcás inar gá sin go dtí go mbeidh tuilleadh comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais indéanta. Bheadh margadh CIM an Aontais níos éifeachtúla mar thoradh ar an rogha a coinníodh.

Ar deireadh, measadh ar cheart do thaisclanna a dhéanann coimeád sócmhainní CIM nó GCUI a tharmligean chuig CSD dícheall cuí a dhéanamh. Cinneadh go mbeadh sé sin iomarcach, ós rud é go bhfuil taisclanna lárnacha urrús údaraithe faoi réir diancheanglais earnála agus maoirseachta cheana féin. Dá bhrí sin, díritear sa togra ar CSDanna a áireamh sa slabhra coimeádta gan ceanglais maidir le dícheall cuí iomarcach a fhorchur ar thaisclanna.

• **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is é an cur chuige foriomlán a glacadh san athbhreithniú ar AIFMD bearta a mholadh a bhfuil géarghá leo ar mhaithe le cobhsaíocht airgeadais, comhtháthú margaidh nó cosaint infheisteoirí, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna ina bhfuil ábhair inní shoiléir ag na páirtithe leasmhara.

Leis an leasú atá beartaithe lena gcumasófar seirbhísí taisce a fháil thar an teorainn, táthar ag súil go nginfear coigilteas do thaisclanna agus d'úsáideoirí na seirbhísí taisce araon, lena n-áirítear BCIManna beaga. Idir EUR 6000 agus EUR 9200 atá sna táillí aonuaire ar cheadúnas nua ag brath ar an mBallstát, agus idir EUR 4,400 – EUR 9,400 atá sna táillí ceadúnais le haghaidh taiscí, ag brath ar an mBallstát. Is dócha go gcuirfidh an iomaíocht mhéadaithe idir soláthraithe seirbhíse taisce brú anuas ar phraghas na seirbhíse.

Leis an gcur chuige atá beartaithe maidir le sonraí maoirseachta, déanfar na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann faoi láthair a shimpliú agus a chuíchóiriú. Beidh coigilteas i gceist san

fhadtéarma toisc go bhfuil sé d'aidhm ag líon na n-údarás poiblí, dá dtuairiscíonn BCIM sonraí forluiteacha, a laghdú. Áirithítear leis an gcur chuige freisin go ndéanfar na costais aonuaire a eascraíonn as na leasuithe a íoslaghdú a mhéid is féidir, trí fhoráil a dhéanamh maidir le pleanáil chuí láithreach agus dearcadh mórdhíola ar thuairisciú maoirseachta thar phíosáí éagsúla de reachtaíocht an Aontais, agus forbairtí sa timpeallacht dhigiteach á gcur san áireamh.

- **Ceartha bunúsacha**

Leis an togra, cuirtear na ceartha atá cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha (an 'Chart') chun cinn. Is é príomhchuspóir an tionscnaimh seo an ceart chun seirbhísí a sholáthar in aon Bhallstát, mar a leagtar síos in Airteagal 15(2) den Chairt, a éascú, lena n-áiríteofar nach ndéanfar aon idirdhealú, fiú idirdhealú indíreach, ar fhorais na náisiúntachta (cur chun feidhme breise ar Airteagal 21(2) den Chairt).

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl tionchar buiséadach ag an togra ar an gCoimisiún.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh an Treoir seo faoi réir meastóireachta 5 bliana tar éis dháta a trasuite. Beidh an Coimisiún ag brath ar (i) aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí, (ii) plé le ÚEUM agus maoirseoirí agus (iii) na sonraí tuairiscithe maoirseachta.

Áiritheoidh an Coimisiún comhlíonadh agus forfheidhmiú ar bhonn leanúnach. Déanfaidh ÚEUM faireachán ar chur i bhfeidhm na gceanglas tarmligin bunaithe ar a shainordú nua athbhreithnithe píaraí spriocdhírthe a dhéanamh sa réimse seo gach bliain agus chun tuarascálacha a dhréachtú ar an anailís a dhéantar ar fhógraí tarmligin.

Ina theannta sin, baileoidh ÚEUM sonraí a bheidh úsáideach chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargáí tionscnaimh iasachtaí agus sa mhargadh taise. Leanfaidh ÚEUM de shonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le húsáid LMTanna.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasuithe ar Threoir 2011/61/AE

Comhlánaítear Airteagal 4 leis an sainmhíniú ar 'thaisclann lárnach urrús', i gcomhréir le Rialachán (AE) 909/2014²².

Leasaítear Airteagal 6(4) chun cur le liosta na seirbhísí coimhdeacha a d'fhéadfadh BCIManna a sholáthar de bhreis ar an gcomhbhainistíocht infheistíochta. D'áireofaí leis gníomhaíochtaí a cheadaítear le dlíthe eile de chuid an Aontais, amhail riar tagarmharcanna nó seirbhísí creidmheasa.

²² Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le CSDanna agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014. lch. 1).

Leasaítear Airteagal 6(6) chun na tagairtí do na rialacha a leagtar síos i dTreoir 2014/65/AE²³ a thabhairt cothrom le dáta, ar treoir í a bhfuil feidhm aici maidir le BCIManna a sholáthraíonn seirbhísí coimhdeacha.

Leasaítear Airteagal 7(2) chun a shoiléiriú gur cheart go mbeadh na hacmhainní iomchuí teicniúla agus daonna atá beartaithe ag BCIManna agus iarratas á dhéanamh acu ar údarú BCIM. Dá bhrí sin, agus iarratas á dhéanamh ar an údarú, ní mór cur síos mionsonraithe a thabhairt ar na hacmhainní daonna agus teicniúla a úsáidfear chun a fheidhmeanna a chur i gcrích agus chun maoirseacht a dhéanamh ar na toscairí.

Forlíontar Airteagal 7(5) chun a áirithiú go mbaileofar an fhaisnéis atá ar iarraidh ar leibhéal an Aontais chun cleachtais tarmligin a leagan amach. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfaigheadh ÚEUM fógraí faoi shocruithe tarmligin i gcás ina ndéantar níos mó riosca nó bainistíocht punainne a tharmligean chuig eintitis tríú tír ná mar a dhéantar a choinneáil.

Cuirtear Airteagal 7(8) isteach chun a áirithiú go bhfaighidh ÚEUM faisnéis chomhsheasmhach maidir leis na socruithe tarmligin. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an ÚEUM a chumhachtú chun dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena bhforordófar ábhar, foirmeacha agus nósanna imeachta chun fógraí tarmligin a tharchur. Chun cinntí eolasacha beartais sa réimse sin a éascú, ceanglaítear ar ÚEUM tuarascálacha rialta a chur faoi bhráid chomhreachtóirí an Aontais agus an Choimisiúin (Airteagal 7(9)) lena ndéantar anailís ar chleachtais mhargaidh maidir le tarmligean, comhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir le tarmligean faoi Threoir 2011/61/AE agus cóineasú maoirseachta sa réimse sin.

Leasaítear Airteagal 8(1)(c) chun foráil a dhéanamh go bhfostóidh BCIM beirt ar a laghad go lánaímseartha nó go dtabharfaidh sé obair do bheirt, nach bhfuil fostaithe ag an BCIM ach, mar sin féin, go bhfuil rún daingean acu gnó an BCIM sin a dhéanamh ar bhonn lánaímseartha agus a bheadh ina gcónaí san Aontas, rud a chinnteodh an tsubstaint íosta chobhsaí laistigh den BCIM.

Cuirtear Airteagal 15(3)(d) isteach chun a cheangal ar BCIManna a bhainistíonn CIManna, a dheonaíonn iasachtaí, beartais, nósanna imeachta agus próisis éifeachtacha a chur chun feidhme chun iasachtaí a dheonú. Agus é sin á dhéanamh acu, ní mór dóibh measúnú a dhéanamh ar riosca creidmheasa, agus a bpunanna creidmheasa a riar agus faireachán a dhéanamh orthu, agus ba cheart athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh orthu.

Cuirtear Airteagal 15(4a)(4b)(4c) isteach chun an riosca don chóras airgeadais a laghdú trí iasachtú d'iasachtaí aonair a shrianadh, nuair is institiúid airgeadais é an t-iasachtaí sin.

Cuirtear Airteagal 15(4d) isteach chun coinbhleachtaí leasa féideartha a sheachaint trí chosc a chur ar CIM iasacht a thabhairt dá BCIM nó dá fhoireann, dá thaiscí nó dá thoscaire.

Cuirtear Airteagal 15(4e) isteach chun cásanna guaise morálta a sheachaint nuair a thionscnaítear na hiasachtaí chun iad a dhíol láithreach ar an margadh tánaisteach. Chuige sin, tá sé beartaithe ceangal a chur ar CIManna leas eacnamaíoch a choinneáil arb ionann é agus 5 % de luach barúlach na n-iasachtaí a dheonaigh siad agus a dhíol siad.

²³ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014).

Cuirtear Airteagal 16(2a) isteach chun neamhréireanna aibíochta a d'fhéadfadh rioscaí airgeadais a chruthú a sheachaint. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, ceangal a chur ar CIManna struchtúr iata a ghlacadh ina mbíonn siad ag gabháil go mór do thionscnamh iasachta (60 %).

Chun aghaidh éifeachtach a thabhairt ar rioscaí micreastuamachta agus macrastuamachta, forlíontar Airteagal 16 le mír (2b) agus le mír (2c) chun cur ar chumas BCIManna a bhainistíonn CIManna neamhiata rochtain a fháil ar na huirlisí is gá le haghaidh bainistiú riosca leachtachta in imthosca eisceachtúla. Chomh maith le bheith in ann fuascailtí a chur ar fionraí, moltar go gceanglófar ar BCIManna den sórt sin LMT amháin eile ar a laghad a roghnú ó Iarscríbhinn V, lena gcomhchuihbítear an liosta íosta ba cheart a bheith ar fáil áit ar bith san Aontas. Ceanglaítear le hAirteagal 16(2e) ar na Ballstáit a áirithiú gurb amhlaidh an cás ina ndlínsí. Cuirtear mír (2a) isteach lena gceanglaítear ar BCIManna fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi LMT a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.

Féachann Airteagal 16(2 g) agus (2h) lena áirithiú go gcuirfear mír (2b) agus mír (2c) i bhfeidhm go comhleánach san Airteagal céanna. Dá bhrí sin, cuirtear de chúram ar ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun sainmhínte a sholáthar agus saintréithe na LMTanna atá leagtha amach san Iarscríbhinn a shonrú agus cuirtear de chúram air caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le roghnú agus úsáid LMTanna oiriúnacha ag na BCIManna.

Leasaítear pointe (j) i mír (2) d'Airteagal 46, lena dtugtar an chumhacht do na húdaráis inniúla a cheangal go ndéanfaidh BCIM LMT ábhartha a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú. Leathnaítear an chumhacht sin chun BCIManna neamh-AE a chumhdach freisin trí phointe (d) a chur isteach i mír (4) d'Airteagal 47. Iarrtar le míreanna (5a) go (5g) d'Airteagal 50 atá beartaithe go dtabharfadh údaráis inniúla fógra d'údaráis ábhartha eile, do ESMA agus do BERS sula gceanglófar uirlis bainistíochta leachtachta a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú. Leagtar síos freisin sna míreanna atá beartaithe prionsabail an chomhair sna cásanna sin. Le mír (7) atá beartaithe in Airteagal 50, thabharfaí de chumhacht do ÚEUM caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena léireofaí cén uair a bheadh údar le hidirghabháil na n-údarás inniúil.

Leasaítear Airteagal 20(1) chun a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag socruithe tarmligin maidir leis na feidhmeanna uile a liostaítear in Iarscríbhinn I agus maidir leis na seirbhísí coimhdeacha a cheadaítear faoi Airteagal 6(4). Déantar an teanga lena dtagraítear do sheirbhísí agus ní feidhmeanna amháin a thabhairt isteach dá réir sin i bpointe (f) d'Airteagal 20(1) agus i míreanna 3, 4 agus 6 d'Airteagal 20.

Leasaítear an fhleasc dheireanach d'Airteagal 21(11) chun taisclanna lárnacha urrús (CSDanna) a thabhairt isteach sa slabhra coimeáda ina bhfuil seirbhísí coimeáda atá in iomaíocht leo á gcur ar fáil acu, rud a thugann cothroime iomaíochta do na caomhnóirí agus a áiritheoidh go mbeidh rochtain ag taiscí ar an bhfaisnéis is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh. Tá sé beartaithe taiscí a fhuascailt ón gceanglas dícheall cuí *ex ante* a dhéanamh i gcás inar taisclann lárnach urrús é an coimeádaí toisc go ndearnadh grinnfhiosrúchán leordhóthanach air agus é ag iarraidh a bheith údaráithe mar sin.

Chun maoirseacht níos fearr a áirithiú, leasaítear Airteagal 21(16) ionas go gcomhoibreoidh taiscí ní hamháin lena n-údaráis inniúla ach freisin le húdaráis inniúla an CIM a cheap é mar thaisce agus le húdaráis inniúla BCIM a bhainistíonn an CIM.

Forlíontar Airteagal 23 i mír (1) agus mír (4) chun trédhearcacht ghníomhaíochtaí BCIM d'infheisteoirí a fheabhsú, le nochtuithe breise nach mór do BCIM a áirithiú, eadhon coinníollacha maidir le LMTanna a úsáid agus táillí a iompróidh an BCIM nó a chleamhnaithe agus tuairisciú tréimhsiúil ar gach táille agus muirear díreach agus indíreach a

gearradh nó a leithdháileadh go díreach nó go hindíreach ar an CIM nó ar aon cheann dá infheistíochtaí. Ceanglaítear ar BCIManna freisin tuarascáil a thabhairt d'infheisteoirí maidir le comhdhéanamh punainne na n-iasachtaí a thionscnaítear.

Leasaítear Airteagal 24(1) agus scriostar pointe (d) in Airteagal 24(2) ar an gcaoi sin ag baint na srianta i mír (1) maidir leis na sonraí ar cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann a fháil ó BCIManna maidir lena CIManna bainistithe. Tá sé beartaithe go bhforbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun iad a chur in ionad an teimpléid tuairiscithe maoirseachta atá ann faoi láthair a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann le AIFMD lena bhforlíontar AIFMR.

Trí Airteagal 38a a chur isteach, ceanglaítear ar ÚEUM athbhreithniú piaraí a dhéanamh go rialta ar chleachtais mhaoirseachta agus rialacha maidir le tarmligeán á gcur i bhfeidhm agus béim ar leith á leagan ar chosc a chur ar eintitis bosca poist a chruthú. Le hAirteagal 69b nua, cheanglófaí ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras tarmligin a leagtar síos i dTreoir 2011/61/AE agus a bearta cur chun feidhme d'fhonn na leasuithe riachtanacha a mholadh chun cosc a chur ar eintitis bosca litreach a fhoirmiú. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh freisin ar an bhféidearthacht pas taisce a thabhairt isteach agus ar fheidhmiú na rialacha maidir le CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí.

Neartaítear an comhar maoirseachta trí mhír (5a go 5g) a chur isteach in Airteagal 50. Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach an BCIM a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM a chumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú, agus na cúiseanna leis an iarraidh a shonrú agus fógra a thabhairt d'ÚEUM agus BERS faoi má tá aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht an chórais airgeadais. Le leasuithe ar mhír (5) in Airteagal 50, laghdaítear an dualgas cruthúnais do na húdaráis inniúla trína iarraidh ar na húdaráis is faighteoirí gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh. Thairis sin, tá sé de chumhacht ag ÚEUM a iarraidh ar údarás inniúil cás a chur os comhair a bhuanchóiste a bhféadfadh impleachtaí trasteorann a bheith aige nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chobhsaíocht airgeadais nó ar chosaint infheisteoirí. Thairis sin, le hAirteagal 50(7) tugtar sainordú do ÚEUM caighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú lena léireofar na cásanna ina bhféadfaidh na húdaráis inniúla na cumhachtaí a fheidhmiú i ndáil le LMTanna.

Tá sé beartaithe mír (5) d'Airteagal 61 a leasú, rud a cheadóidh do na húdaráis inniúla a cheadú seirbhísí taisce a fháil i mBallstáit eile go dtí go ndéanfar na bearta tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá pas taisce a thabhairt isteach.

Tá sé beartaithe Iarscríbhinn I a leasú trí phointe (3) a chur isteach chun iasachtú a aithint mar ghníomhaíocht dhlísteanaigh BCIManna. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh CIManna iasachtaí a thabhairt áit ar bith san Aontas, lena n-áirítear iasachtaí trasteorann. Cuirtear pointe (4) le hIarscríbhinn I chun seirbhísiú ar eintitis shainchuspóireacha urrúsúcháin ('SSPENa') ag BCIManna a dhlísteanú.

Moltar leasuithe ar Airteagal 21(6)(c), Airteagal 35(2)(b), Airteagal 36(1)(c), Airteagal 37(7)(e), Airteagal 40(2)(b) agus Airteagal 42(1)(c) lena dtugtar cothrom le dáta na ceanglais ar eintitis tríú tír nach bhfuil bunaithe sna dlínsí a sainithníodh mar thíortha ardriosca de réir na ndlíthe Eorpacha is déanaí i gcoinne sciúradh airgid.

Comhlánaítear Airteagal 36(1) agus Airteagal 42(1) leis na pointí (d) agus (d) faoi seach ar choinníoll gur cheart do CIManna neamh-AE agus BCIManna neamh-AE atá faoi réir rialacha náisiúnta agus atá gníomhach i mBallstáit aonair an riachtanas a chomhlíonadh nach bhfuil siad lonnaithe i dtríú tír a mheastar nach bhfuil comhoibríoch maidir le cúrsaí cánach.

Moltar leasuithe ar Airteagal 21(6)(d), Airteagal 35(2)(c), Airteagal 37(7)(f) agus Airteagal 40(2)(c) chun na ceanglais a thabhairt cothrom le dáta d'eintitis tríú tír nach mbeadh

rochtain acu ar an margadh inmheánach ach amháin má tá siad bunaithe i dtríú tír nach liostaítear ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach.

Leasaítear Airteagal 47(3) chun é a chur ar chumas ÚEUM na sonraí margaidh atá ar fáil dó a nochtadh i bhfoirm chomhiomlán nó i bhfoirm achoimre, rud a mhaolaíonn an caighdeán rúndachta dá bhrí sin.

Cuirtear isteach clásal athbhreithnithe - Airteagal 69b - lena dtugtar sainordú don Choimisiún tús a chur le hathbhreithniú ar na forálacha a bhaineann le tarmligean, le seirbhísí taisclainne agus le húsáid LMTanna. Tugann sé sainordú freisin do ÚEUM tuarascáil a eisiúint arb é is aidhm di ceanglais tuairiscithe maoirseachta le haghaidh BCIManna a chuíchóiriú agus glacadh léi mar bhonn chun dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le tuairisciú maoirseachta faoi Airteagal 24 de AIFMD.

Leasuithe ar Threoir 2009/65/CE

In Airteagal 2(1), moltar an sainmhíniú ar ‘thaisclann lárnach urrús’ a chur ar fáil, i gcomhréir le Rialachán (AE) 909/2014.

Sa fhleasc deiridh d’Airteagal 22a leasaítear an ceathrú mír chun taisclanna lárnacha urrús (CSDanna) a mheas mar thoscáirí de chuid na taisce i gcás ina mbeidh seirbhísí coimeáda iomaíochta á gcur ar fáil acu. Is ionann sin agus a chinntiú go mbíonn rochtain ag taiscí ar an bhfaisnéis is gá chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

Leasaítear Airteagal 7(1)(b) chun foráil a dhéanamh go bhfostóidh cuideachta bainistíochta GCUI beirt ar a laghad go lánaimseartha nó go dtabharfaidh sí obair do bheirt, nach bhfuil fostaithe ag an gcuideachta bainistíochta GCUI ach, mar sin féin, go bhfuil gealltanais tugtha acu gnó na cuideachta bainistíochta GCUI a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha agus a bheadh ina gcónaí san Aontas, rud a chinnteodh an tsubstaint íosta chobhsaí laistigh de chuideachta bainistíochta GCUI.

Moltar pointí (c) agus pointe (e) in Airteagal 7(1) a leasú chun a shoiléiriú gur cheart acmhainní teicniúla agus daonna iomchuí a bheith ag na cuideachtaí bainistíochta a bheidh le húsáid agus iarratas á dhéanamh ar an údarú. Dá bhrí sin, agus iarratas á dhéanamh aici ar an údarú, ní mór don chuideachta bainistíochta tuairisc mhionsonraithe a thabhairt ar na hacmhainní daonna agus teicniúla a úsáidfídh sí chun a feidhmeanna a chomhlíonadh agus maoirseacht a dhéanamh ar na toscairí.

Soiléirítear in Airteagal 13(1) go bhfuil feidhm ag na socruithe tarmligin maidir leis na feidhmeanna uile a liostaítear in Iarscríbhinn II agus maidir leis na seirbhísí coimhdeacha a cheadaítear faoi Airteagal 6(3). Déantar an teanga lena dtagraítear do sheirbhísí agus ní feidhmeanna amháin a thabhairt isteach dá réir sin i bpointí (b), (g), (h) agus (i) d’Airteagal 13(1).

Chun creataí dlíthiúla 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE maidir le tarmligean a ailíniú ar bhealach níos fearr agus ionas gur féidir leis na húdaráis mhaoirseachta athbhreithniú a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis an tarmligean, tá sé beartaithe a cheangal ar GCUI bonn cirt a thabhairt do struchtúr iomlán na dtoscaireachtaí ar bhonn cúiseanna oibiachtúla, trí phointe (j) a chur isteach in Airteagal 13(1).

Forlíontar Airteagal 13 le mír (3) chun a áirithiú go ndéantar an fhaisnéis atá ar iarraidh a bhailiú agus a anailísiú ar leibhéal an Aontais chun cleachtais tarmligin a leagan amach. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe fógra a thabhairt do ÚEUM maidir le socruithe tarmligin i gcás ina ndéantar níos mó bainistíochta riosca nó punainne a tharmligean chuig eintitis tríú tír ná mar a dhéantar a choinneáil.

Chun cinneadh beartais eolasach sa réimse sin a éascú, moltar go gcuirfí de cheangal ar ÚEUM faoin Airteagal 13(5) nua tuarascálacha rialta a chur faoi bhráid chomhreachtóirí an Aontais agus an Choimisiúin Eorpaigh ina ndéantar anailís ar chleachtais mhargaidh maidir le tarmligean agus comhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir le tarmligean faoi 2009/65/CE.

Cuirtear Airteagal 13(3) isteach chun a áirithiú go bhfaighidh ÚEUM faisnéis chomhsheasmhach maidir leis na socrúithe tarmलगin. Dá bhrí sin, moltar go gcumhachtófaí ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena bhforordófar ábhar, foirmeacha agus nósanna imeachta chun fógraí tarmलगin a tharchur.

Le hAirteagal 13(6) nua tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmलगithe a ghlacadh ina sonraítear a thuilleadh na coinníollacha maidir le tarmligean agus na coinníollacha faoina measfar cuideachta bhainistíochta GCUI a bheith ina heintiteas bosca poist agus, dá bhrí sin, nach meastar, dá bhrí sin, go mbeadh rialacha Threoir 2011/61/AE agus Threoir 2009/65/CE á n-ailíniú a thuilleadh ag bainisteoir an GCUI sa réimse sin.

Tá sé beartaithe Airteagal 18ú (1 agus 2) a chur isteach ionas go mbeidh ar chuideachtaí bainistíochta GCUI, sa bhreis ar bheith in ann fuascailtí a chur ar fionraí, LMT amháin eile ar a laghad a roghnú ó Iarscríbhinn IIA, lena gcomhchuibhítear an liosta íosta ba cheart a bheith ar fáil in aon áit san Aontas. Leis an Airteagal 18a nua, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú gurb amhlaidh an cás ina ndlíní. Moltar Iarscríbhinn IIA leis an liosta íosta de na huirlisí sin. Chun dea-fhaisnéis infheisteoirí a áirithiú, moltar soiléiriú a dhéanamh, i Sceideal A d'Iarscríbhinn I, pointe 1.13 ar na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir le haonaid a athcheannach nó a fhuascailt, agus soiléiriú a dhéanamh ar na himthosca inar féidir athcheannach nó fuascailt a chur ar fionraí nó ina bhféadfar LMTanna eile a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.

Féachann Airteagal 18a (3 go 5) lena áirithiú go gcuirfear na forálacha sin roimhe seo i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach. Dá bhrí sin, cuirtear de chúram ar ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun sainmhínithe a sholáthar agus chun saintréithe na LMTanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a shonrú.

Beartaítear le hAirteagal 20ú nua oibleagáid maoirseachta thréimhsiúil a thabhairt isteach do chuideachtaí bainistíochta maidir leis na margaí agus na hionstraimí ina ndéanann siad trádáil thar ceann GCUI.

Le hAirteagal 20b nua moltar sainordú a thabhairt do ÚEUM, i gcomhar le ÚMEanna eile agus BCE, tuarascáil féidearthachta a chur ar fáil maidir le héifeachtúlacht a lorg sa spás tuairiscithe maoirseachta. Thabharfaí eolas sa tuarascáil faoin dearadh a d'fhéadfadh a bheith ar theimpléad tuairiscithe maoirseachta do chuideachtaí bainistíochta GCUIInna, agus ceanglaítear ar ÚEUM caighdeáin theicniúla rialála agus dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt bunaithe ar thorthaí na tuarascála sin.

Leasaítear Airteagal 22a(2) chun taiscí a fhuascailt ón gceanglas dícheall cuí *ex ante* a dhéanamh i gcás inar CSD é an coimeádaí toisc go ndearnadh grinnfhiosrúchán leordhóthanach uirthi agus é ag iarraidh a bheith údaráithe mar sin.

Chun aghaidh éifeachtach a thabhairt ar rioscaí micreastuamachta agus macrastuamachta, tá sé beartaithe modhnú ar Airteagal 84(3)a leasú chun ceangal a chur ar chuideachtaí bainistíochta GCUI fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi LMT a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú. Leis an leasú ar phointe (b) i mír 2 d'Airteagal 84, tugtar de chumhacht do na húdaráis inniúla idirghabháil a dhéanamh agus ceangal a chur ar chuideachtaí bainistíochta GCUI an LMT ábhartha a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú. Iarrtar sna míreanna (3a) go

(3e) atá beartaithe in Airteagal 84 go dtabharfaidh na húdaráis inniúla fógra d'údaráis ábhartha eile, do ÚEUM agus do BERS sula gceanglófar LMT a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú agus go leagfaí síos leo prionsabail an chomhair sna cásanna sin. Le mír (3f) atá beartaithe in Airteagal 84, thabharfaí de chumhacht do ÚEUM caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena léireofaí cén uair a bheadh gá le hidirghabháil na n-údaráis inniúil.

Moltar in Airteagal 84(5) cumhacht a thabhairt do ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le roghnú agus úsáid LMTanna ag GCUI.

Comhlánaítear Airteagal 98 le míreanna (3) agus (4) chun an comhar maoirseachta a neartú. Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach GCUI a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile GCUI a chumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú, agus na cúiseanna lena iarraidh a shonrú agus fógra a thabhairt d'ÚEUM do BERS faoi má tá aon rioscaí ann don chobhsaíocht airgeadais. Thairis sin, tá sé de chumhacht ag ÚEUM a iarraidh ar údarás inniúil cás a chur os comhair ÚEUM a bhféadfadh impleachtaí trasteorann a bheith aige nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chobhsaíocht airgeadais nó ar chosaint infheisteoirí.

Tá Airteagal 101d nua beartaithe chun a cheangal ar ÚEUM athbhreithniú piaraí a dhéanamh, ar bhonn rialta, ar chleachtais mhaoirseachta agus rialacha maidir le tarmligean á gcur i bhfeidhm agus béim ar leith á leagan ar chosc a chur ar chruthú eintiteas bosca poist. Le hAirteagal 110a nua, cheanglófaí ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras tarmligin a leagtar síos sa Treoir seo agus ina bearta cur chun feidhme d'fhonn na leasuithe is gá a mholadh chun cosc a chur ar eintitis bosca poist a fhoirmiú.

Airteagail maidir le trasuí agus le teacht i bhfeidhm

Luaitear in Airteagal 3 den togra go bhfuil 24 mhí ag na Ballstáit tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí chun na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir sin a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú. Cuirfidh na Ballstáit bearta trasuite in iúl don Choimisiún.

Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an Treoir leasaitheach seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE maidir le socruithe tarmलगin, bainistiú priacail leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 69 de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵, tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar chur i bhfeidhm agus raon feidhme na Treorach sin, agus tháinig sé ar an gconclúid gur comhlíonadh, den chuid is mó, na cuspóirí maidir le margadh an Aontais a chomhtháthú le haghaidh cistí infheistíochta malartacha (CIManna), lena n-áirítear ardleibhéal cosanta infheisteoirí agus lena gcosnaítear cobhsaíocht airgeadais. San athbhreithniú sin áfach, ba é tátal an Choimisiúin freisin gur gá rialacha a chomhchuíbhíú le haghaidh bhainisteoirí na gcistí infheistíochta malartacha (BCIManna) a mbíonn CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí á mbainistiú acu, chun na caighdeáin is infheidhme a shoiléiriú maidir le BCIManna lena dtarmlichtear a bhfeidhmeanna chuig tríú páirtithe, chun cóir chomhionann taisceánach a áirithiú, feabhas a chur ar rochtain trasteorann ar sheirbhísí taisce, bailiú sonraí maoirseachta a bharrfheabhsú agus úsáid uirlisí bainistithe leachtachta (UBLanna) a éascú ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá le leasuithe chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí rialála sin chun feabhas a chur ar fheidhmiú Threoir 2011/61/AE.
- (2) Is gá freisin na nithe seo a leanas a bheith ann chun gnóthais a bhainistiú le haghaidh comhinfeistíocht in urrúis inaistrithe ('GCUI'): córas tarmलगin láidir, cóir chomhionann taisceánach, comhleanúnachas tuairiscithe maoirseachta agus cur chuige

²⁴ IO C, , lch. .

²⁵ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

comhchuibhithe maidir le UBLanna a úsáid. Dá bhrí sin, is iomchuí freisin Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶ a leasú, lena leagtar síos rialacha maidir le húdarú agus oibriú GCUI, i réimse an tarmiligin, sócmhainní a choimeád slán, an tuairiscithe maoirseachta agus an bhainistithe priacail leachtachta.

- (3) Chun éifeachtúlacht gníomhaíochtaí BCIM a mhéadú, ba cheart liosta na seirbhísí coimhdeacha údaraithe a leagtar amach in Airteagal 6(4) de Threoir 2011/61/AE a leathnú chun riarachán tagarmhairc faoi rialú Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷ agus seirbhísithe creidmheasa faoi rialú Threoir 2021/.../AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸ a chuimsiú.
- (4) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil BCIManna a sholáthraíonn seirbhísí coimhdeacha lena mbaineann ionstraimí airgeadais faoi réir na rialacha a leagtar síos i dTreoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹. Maidir le sócmhainní eile, nach ionstraimí airgeadais iad, ba cheart a cheangal ar BCIManna ceanglais Threoir 2011/61/AE a chomhlíonadh.
- (5) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas a leagtar síos in Airteagail 7 agus 8 de Threoir 2011/61/AE maidir leis na hacmhainní daonna is gá atá ag BCIManna, ba cheart a shoiléiriú gur cheart do BCIManna faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla maidir leis na hacmhainní daonna agus teicniúla a úsáidfídh BCIM chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, chun toscairí a mhaoirsiú, tráth an churtha i bhfeidhm le haghaidh údaraithe. Ba cheart ar a laghad beirt bhainisteoirí shinsearach a fhostú nó gnó BCIM a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha agus iad a bheith ina gcónaí san Aontas.
- (6) Chun forléargas iontaofa a fhorbairt ar ghníomhaíochtaí tarmiligin san Aontas atá faoi rialú Airteagal 20 de Threoir 2011/61/AE agus chun a bheith ina mbonn faisnéise do bheartais nó ghníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanfar amach anseo, ba cheart do na húdaráis inniúla fógraí tarmiligin a sholáthar don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margái ('ÚEUM') i gcás ina dtarmiligeann BCIM níos mó bainistíú punainne, nó feidhmeanna bainistíochta riosca an CIM, ná mar a bhainistíonn sé féin, chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha.
- (7) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach phróiseas an fhógartha sa réimse tarmiligin a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligeann chuig an gCoimisiún chun caighdeán theicniúla rialála a ghlacadh trí bhithin gníomhartha tarmilgthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰ chun ábhar, foirmeacha agus nósanna imeachta a shonrú chun

²⁶ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) a chomhordú (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

²⁷ Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lgh. 1-65).

²⁸ IO C , , lch. .

²⁹ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margái in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

³⁰ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margái), lena

próiseas fógartha shocruithe tarmligin BCIManna a chaighdeánú. Ba cheart réimsí sonraí a bheith san fhoirm fógartha, lena léirítear na gníomhaíochtaí lena gcomhdhéantar feidhmeanna bainistíochta riosca nó bainistithe punainne chun a chinneadh ar tharmlig BCIM níos mó feidhmeanna den sórt sin ná mar a choimeád sé. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM.

- (8) Chun feabhas a chur ar chur i bhfeidhm aonfhoirmeach Threoir 2011/61/AE, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag na rialacha tarmligin a leagtar síos in Airteagal 20 maidir leis na feidhmeanna uile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin agus maidir leis na seirbhísí coimhdeacha dá dtagraítear in Airteagal 6(4) den Treoir sin.
- (9) Ba cheart comhrialacha a leagan síos chun margadh inmheánach éifeachtúil le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí a bhunú, chun leibhéal aonfhoirmeach cosanta infheisteoirí san Aontas a áirithiú, chun go bhféadfadh CIManna a ngníomhaíochtaí a fhorbairt trí iasachtaí a thionscnamh i mBallstáit uile an Aontais agus chun rochtain ar mhaoiniú a éascú ag cuideachtaí AE, ar príomhchuspóir Aontas na Margaí Caipitil ('CMU')³¹ é. Mar sin féin, i bhfianaise an mhargaidh creidmheasa phríobháidigh atá ag fás go tapa, is gá aghaidh a thabhairt ar na rioscaí micreastuamachta agus macrastuamachta a d'fhéadfadh a bheith ann, a d'fhéadfadh a bheith i gceist le CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí agus a bhféadfaidís iad a scaipeadh chuig an gcóras airgeadais go ginearálta. Ba cheart na rialacha is infheidhme maidir le BCIManna a bhainistíonn cistí lena dtionscnaítear iasachtaí a chomhchuibhiú chun feabhas a chur ar bhainistíocht riosca ar fud an mhargaidh airgeadais agus chun trédhearcacht le haghaidh infheisteoirí a mhéadú.
- (10) Chun tacú le bainistíocht ghairmiúil CIManna agus chun rioscaí a mhaolú ar an gcobhsaíocht airgeadais, ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ag BCIManna a mbíonn CIManna á mbainistiú acu a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí iasachta, lena n-áirítear iasachtaí a cheannach ar an margadh tánaisteach: beartais, nósanna imeachta agus próisis éifeachtacha le haghaidh iasachtaí a thabhairt, measúnú a dhéanamh ar riosca creidmheasa agus a bpunann chreidmheasa a riar agus faireachán a dhéanamh uirthi, ar cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu go tréimhsiúil.
- (11) Chun riosca idirnascthachta a shrianadh i measc CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí agus rannpháirtithe eile sa mhargadh airgeadais, ba cheart a cheangal ar BCIManna na CIManna sin, i gcás inarb institiúid airgeadais é an t-iasachtaí, a riosca a éagsúlú agus a nochtadh a bheith faoi réir teorannacha sonracha.
- (12) Chun coinbhleachtaí leasa a theorannú, níor cheart do BCIManna agus dá bhfoireann iasachtaí a fháil ó na CIManna atá á mbainistiú acu ar CIManna iad lena dtionscnaítear iasachtaí. Ar an gcuma chéanna, ba cheart cosc a chur ar thaisce CIM agus ar a fhoireann nó ar thoscaire BCIM agus a fhoireann iasachtaí a fháil ó na CIManna gaolmhara.
- (13) Le Treoir 2011/61/AE ba cheart an ceart atá ag CIManna iasachtaí a thionscnamh agus na hiasachtaí sin a thrádáil ar an margadh tánaisteach a aithint. Chun baol morálta a

leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

³¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Aontas na margaí caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí - plean gníomhaíochta nua (COM/2020/590 final).

sheachaint agus chun caighdeán creidmheasa ginearálta na n-iasachtaí arna dtionscnamh ag CIManna a choimeád, ba cheart iasachtaí den sórt sin a bheith faoi réir ceanglais coinneála riosca chun cásanna a sheachaint ina dtionscnaítear iasachtaí agus d'aon toisc chun iad a dhíol.

- (14) D'fhéadfadh iasachtaí fadtéarmacha neamhleachtacha atá i seilbh CIM bearnaí leachtachta a chruthú dá mbeadh infheisteoirí in ann a n-aonaid cistí nó a scaireanna a fhuascailt go minic le struchtúr neamhiata CIManna. Dá bhrí sin, is gá rioscaí a bhaineann le claochlú aibíochta a mhaolú trí struchtúr iata a fhorchur le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí mar ní bheadh leochaileacht ag cuideachta infheistíochta a bhfuil caipiteal seasta aici d'éilimh fuascailte agus d'fhéadfaidís iasachtaí arna dtionscnamh a choinneáil go dtí aibíocht.
- (15) I gcás ina bhfuil BCIM faoi réir na gceanglas a leagtar síos i dTreoir 2011/61/AE i ndáil lena ghníomhaíochtaí CIM atá á mbainistiú aige agus maidir leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 345/2013³², (AE) 346/2013³³ agus (AE) 2015/760³⁴ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart a shoiléiriú gur cheart na rialacha sonracha a bhaineann le táirgí a leagtar síos in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 345/2013 agus Airteagal 3 de Rialachán (AE) 346/2013, Caibidil II de Rialachán (AE) 2015/760 rialacha níos ginearálta a leagtar amach i dTreoir 2011/61/AE a shárú.
- (16) Chun tacú le faireachán margaidh a dhéanann na húdaráis mhaoirseachta, d'fhéadfaí feabhas a chur ar bhailiú agus ar roinnt na faisnéise trí thuairiscí maoirseachta. D'fhéadfaí ceanglais tuairiscithe dhúblacha a dhíothú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus chun ualaí riaracháin a laghdú le haghaidh BCIManna; is iad sin ceanglais atá ann faoi reachtaíocht an Aontais agus faoi reachtaíocht náisiúnta, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵, Rialachán (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁶, Rialachán (AE) Uimh. 1011/2012 ón mBanc Ceannais Eorpach³⁷ agus Rialachán (AE) Uimh. 1073/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach³⁸. Ba cheart do na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha ('ÚMEanna) agus don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE), le tacaíocht ó na húdaráis inniúla náisiúnta, i gcás inar gá, measúnú a dhéanamh ar na riachtanais sonraí atá ag na húdaráis mhaoirseachta éagsúla chun go

³² Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lgh. 1–17).

³³ Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lgh. 18–38).

³⁴ Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lgh. 98–121).

³⁵ Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáil in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

³⁶ Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i dtaca leis an oibleagáid imréitigh, le fionraí na hoibleagáide imréitigh, leis na ceanglais tuairiscithe, le teicnící maolaithe riosca do chonarthaí diorthach thar an gcuntar nach n-imréitíonn contrapháirtí lárnach, le clárú agus le maoirseacht stórtha trádála agus leis na ceanglais ar stórtha trádála (IO L 141, 28.5.2019, lch. 42).

³⁷ Rialachán (AE) Uimh. 1011/2012 ón mBanc Ceannais Eorpach an 17 Deireadh Fómhair 2012 maidir le staidreamh a bhaineann le sealbhú urrús (IO L 305, 1.11.2012, lch. 6).

³⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1073/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Deireadh Fómhair 2013 maidir le staidreamh ar shócmhainní agus dliteanais cistí infheistíochta (IO L 297, 7.11.2013, lch. 73).

mbeidh na hathruithe a thiocfaidh ar an teimpléid tuairiscithe maoirseachta éifeachtach.

- (17) Mar ullmhúchán do na hathruithe a dhéanfar amach anseo ar oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta, ba cheart raon feidhme na sonraí is féidir a éileamh ar BCIManna a leathnú trí na teorainneacha a bhaint, ar teorainneacha iad a dhírítear ar mhóthrádálacha, ar neamhchosaintí móra nó ar chontrapháirithe. Dá gcinnteodh ÚEUM go bhfuil údar le nochtadh punainne iomláin ar bhonn tréimhsiúil, ba cheart freastal ar leathnú riachtanach an raon feidhme tuairiscithe le forálacha Threoir 2011/61/AE.
- (18) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach na n-oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁹ chun an t-ábhar, na foirmeacha agus na nósanna imeachta a leagan amach chun an próiseas tuairiscithe maoirseachta a dhéanann BCIManna a chaighdeánú. Leis na caighdeáin theicniúla rialála sin, ba cheart an t-ábhar, na foirmeacha agus na nósanna imeachta a leagan amach chun an próiseas tuairiscithe maoirseachta a chaighdeánú, rud a thiocfaidh in ionad an teimpléid tuairiscithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 231/2013⁴⁰ ón gCoimisiún. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM.
- (19) Chun an próiseas tuairiscithe maoirseachta a chaighdeánú, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna bhforbairt ag ÚEUM a ghlacadh a mhéid a bhaineann leis na foirmeacha agus na caighdeáin sonraí, leis an minicíocht tuairiscithe agus le huainiú an tuairiscithe ag BCIManna. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.
- (20) Chun freagairt níos éifeachtaí a áirithiú ar bhrúnna leachtachta i dtráth anáis sa mhargadh agus chun infheistoirí a chosaint ar bhealach níos fearr, ba cheart rialacha a leagan síos i dTreoir 2011/61/AE chun moltaí an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistémach (BERS)⁴¹ a chur chun feidhme.
- (21) Chun a chur ar chumas bhainisteoirí CIManna neamhiata atá lonnaithe in aon Bhallstát déileáil le brúnna fuascailte faoi dhálaí anáis sa mhargadh, ba cheart a cheangal orthu UBL amháin ar a laghad a roghnú ón liosta comhchuibhithe a leagtar amach san Iarscríbhinn, de bhreis ar an bhféidearthacht fuascailtí a chur ar fionraí. Nuair a ghlacann BCIM cinneadh chun UBL a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, ba cheart

³⁹ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margái), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

⁴⁰ Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) Uimh. 231/2013 an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí, coinníollacha ginearálta oibriochta, taiscí, gearáil, trédhearcacht agus le maoirseacht (IO L 83, 22.3.2013, lgh. 1-95).

⁴¹ Moltaí an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistémach an 7 Nollaig 2017 maidir le rioscaí leachtachta agus gearála i gcistí infheistíochta BERS/2017/6, 2018/C 151/01.

dó fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta. D'fhágfadh sé sin go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta in ann iarmhairtí teannais leachtachta sa mhargadh níos leithne. a láimhseáil ar bhealach níos fearr.

- (22) Chun a bheith in ann cinneadh infheistíochta a dhéanamh i gcomhréir lena bhfonn riosca agus lena riachtanais leachtachta, ba cheart na coinníollacha le haghaidh úsáid UBLanna a chur in iúl d'infheisteoirí.
- (23) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach i réimse an bhainistithe priacail leachtachta ag bainisteoirí na gcistí frithpháirteacha a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴² chun an próiseas a shonrú maidir le UBLanna a roghnú agus a úsáid chun cóineasú sa mhargadh agus cóineasú maoirseachta a éascú. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM.
- (24) Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a iarraidh ar bhainisteoir ciste frithpháirtigh an UBL iomchuí a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.
- (25) Tá ról tábhachtach ag taisclanna maidir le leasanna na n-infheisteoirí a choimirciú agus ba cheart dóibh a bheith in ann a ndualgais a chomhlíonadh gan beann ar an gcineál taisceánaí a gcoinníonn sócmhainní an chiste slán. Dá bhrí sin, is gá taisclanna lárnacha urrús (CSDanna) a chur san áireamh sa tsraith cumhdaigh nuair a sholáthraíonn siad seirbhísí cumhdaigh do CIManna chun a áirithiú, i ngach cás, go bhfuil sreabhadh faisnéise chobhsaí idir taisceánach shócmhainn CIM agus an taisce. Chun iarrachtaí iomarcacha a sheachaint, níor cheart do na taisclanna dícheall cuí ex-ante a dhéanamh i gcás ina bhfuil sé beartaithe acu cumhdach a tharmligean chuig CSDanna.
- (26) Chun feabhas a chur ar chomhoibriú agus éifeachtacht maoirseachta, ba cheart do na húdaráis inniúla óstacha a bheith in ann iarraidh réasúnaithe a dhíriú chuig údarás inniúil BCIM agus chun gníomh maoirseachta a ghlacadh i gcoinne BCIM ar leith.
- (27) Ina theannta sin, chun feabhas a chur ar chomhoibriú maoirseachta, ba cheart do ÚEUM a bheith in ann a iarraidh ar údarás inniúil cás a chur in iúl do ÚEUM i gcás ina bhfuil impleachtaí trasteorann ag an gcás sin agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chosaint infheisteoirí nó ar chobhsaíocht airgeadais. Leis na hanailísí a dhéanann ÚEUM, tabharfar tuiscint níos fearr ar na saincheisteanna a pléadh d'údaráis inniúla eile agus cuirfear le cásanna comhchosúla amach anseo a chosc agus cosnófar sláine an mhargaidh CIM.
- (28) Chun tacú le cóineasú maoirseachta sa réimse tarmligin, ba cheart do ÚEUM piara-athbhreithnithe ar na cleachtais mhaoirseachta a dhéanamh agus béim ar leith a chur ar chruthú eintiteas bosca poist a chosc. Chuirfeadh an anailís ar phiara-athbhreithnithe a dhéanfaidh ÚEUM leis an athbhreithniú ar na bearta a glacadh sa Treoir seo agus

⁴² Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

cuirfear in iúl leis do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir le haon bhearta breise a bhféadfadh gá a bheith leo chun tacú le héifeachtacht na gcóras tarmhigin a leagtar síos i dTreoir 2011/61/AE.

- (29) Ní bhíonn soláthar iomaíoch ar sheirbhísí taisce ag roinnt margai comhchruinnithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas soláthraithe seirbhíse sin a bhféadfadh costais níos mó do BCIManna agus margadh CIM nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna a bheith mar thoradh air, ba cheart d'údarais inniúla a bheith in ann cead a thabhairt do BCIManna nó do CIManna seirbhísí taisce atá lonnaithe i mBallstáit eile a sholáthar agus an Coimisiún ag déanamh measúnú ar, i gcomhthéacs athbhreithnithe ar Threoir 2011/61/AE uaidh, arbh iomchuí é bearta a mholadh chun margadh níos comhtháite a bhaint amach.
- (30) Ba cheart scaipeadh maoirseachta méadaithe a bheith ag gabháil le deis a thabhairt taisce a cheapadh i mBallstát eile. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar an taisce dul i gcomhar ní hamháin lena n-údarais inniúla féin ach le húdarais inniúla an CIM lenar ceapadh í freisin agus le húdarais inniúla an BCIM a bhainistíonn an CIM, má tá na húdarais inniúla sin lonnaithe i mBallstát difriúil ná an Ballstát ina bhfuil an taisce lonnaithe.
- (31) Chun cosaint níos fearr a thabhairt d'infheisteoirí, ba cheart an sreabhadh faisnéise ó BCIManna go hinfeisteoirí CIM a mhéadú. Chun a chur ar chumas infheisteoirí CIM costais an chiste infheistíochta a rianú ar bhealach níos fearr, ba cheart do BCIManna na táillí a shainathint a íocfaidh BCIM nó a chleamhnaithe, chomh maith le tuarascáil a thabhairt go tréimhsiúil maidir le gach táille agus muirir a leithdháiltear go díreach nó go hindíreach ar CIM nó ar aon cheann dá infheistíochtaí. Ba cheart a cheangal ar BCIManna freisin tuarascáil a thabhairt d'infheisteoirí maidir le comhdhéanamh punainne na n-iasachtaí a thionscnaítear.
- (32) Chun trédhearcacht sa mhargadh a mhéadú agus chun sonraí margaidh CIM atá ar fáil a úsáid go héifeachtach, ba cheart do ÚEUM a bheith in ann sonraí an mhargaidh atá ar fáil dó a nochtadh i bhfoirm comhiomlán nó achoimre agus dá bhrí sin, ba cheart an caighdeán rúndachta a mhaolú lena bhféadfaí na sonraí sin a úsáid.
- (33) Ba cheart na ceanglais atá ar eintitis tríú tíortha a bhfuil rochtain acu ar an margadh inmheánach a ailiniú leis na caighdeáin a leagtar síos i gconclúidí 2020 ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais maidir le dlínsí neamh-chomhoibriocha chun críoch cánach⁴³ agus i dTreoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴. Ina theannta sin, ba cheart do CIManna neamh-AE agus BCIManna neamh-AE atá faoi réir rialacha náisiúnta agus atá gníomhach i mBallstáit aonair an riachtanas a chomhlíonadh nach bhfuil siad lonnaithe i dtríú tír a mheastar nach bhfuil comhoibrioch maidir le cúrsaí cánach.
- (34) Le Treoir 2009/65/CE, ba cheart coinníollacha inchomparáide a áirithiú do chuideachtaí bainistíochta GCUI i gcás nach bhfuil aon chúis difríochtaí rialála a choinneáil ar bun le haghaidh GCUI agus BCIManna. Baineann sé sin le córas

⁴³ IO C 64, 27.2.2020, lch. 8.

⁴⁴ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

toscaireachta, cóir rialála taisceánach, ceanglais tuairiscithe maoirseachta agus infhaighteacht agus úsáid UBLanna.

- (35) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas atá ar chuideachtaí bainistíochta GCUI maidir le substaintí a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú gur cheart do chuideachtaí bainistíochta faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla maidir leis na hacmhainní daonna agus teicniúla a úsáidfí siad chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, chun toscairí a mhaoirsiú, tráth an churtha i bhfeidhm le haghaidh údaraithe. Ba cheart ar a laghad beirt bhainisteoirí shinsearacha a fhostú nó ba cheart dóibh gnó na cuideachta bainistíochta a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha agus iad a bheith ina gcónaí san Aontas.
- (36) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Threoir 2009/65/CE a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag na rialacha tarmligin a leagtar síos in Airteagal 13 den Treoir sin maidir leis na feidhmeanna uile a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin agus maidir leis na seirbhísí coimhdeacha dá dtagraítear in Airteagal 6(3) den Treoir sin.
- (37) Chun creataí dlíthiúla Threoir 2011/61/AE agus Threoir 2009/65/CE a ailíniú maidir le tarmligean, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí bainistíochta GCUI údar a thabhairt do na cuideachtaí inniúla maidir le tarmligean a bhfeidhmeanna agus cúiseanna oibiachtúla le haghaidh an tarmligin.
- (38) Chun forléargas iontaofa a fhorbairt ar ghníomhaíochtaí tarmligin san Aontas atá faoi rialú Airteagal 13 de Threoir 2009/65/CE agus chun eolas a thabhairt i mbeartais nó i ngníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanfar amach anseo, ba cheart do na húdaráis inniúla fógraí tarmligin a sholáthar do ÚEUM i gcás ina dtarmligeann cuideachta bainistíochta GCUI níos mó bainistiú punainne, nó feidhmeanna bainistíochta riosca, ná mar a bhainistíonn sé féin, chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha.
- (39) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach phróiseas an fhógartha sa réimse tarmligin a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁵ chun an t-ábhar, na foirmeacha agus na nósanna imeachta a shonrú chun próiseas fógartha shocruithe tarmligin GCUI a chaighdeánú. Ba cheart réimsí sonraí a bheith san fhoirm fógra lena léirítear na gníomhaíochtaí lena gcomhdhéantar feidhmeanna bainistíochta riosca agus bainistithe punainne chun a chinneadh ar tharmlig cuideachta bainistíochta GCUI níos mó feidhmeanna den sórt sin ná mar a choimeád sé. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh bunaithe ar dréacht arna fhorbairt ag ÚEUM.
- (40) Chun na rialacha tarmligin is infheidhme do BCIManna agus do GCUI a ailíniú tuilleadh agus chun cur i bhfeidhm Threoir 2011/61/AE agus Threoir 2009/65/CE níos aonfhoirmí a bhaint amach, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na gcoinníollacha le haghaidh tarmligean ó chuideachta bainistíochta GCUI chuig tríú páirtí a shonrú agus na gcoinníollacha faoinar féidir a mheas gur eintiteas bosca poist é

⁴⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

cuideachta bainistíochta GCUI agus dá bhrí sin nach féidir a mheas gurbh é bainisteoir GCUI é a thuilleadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁴⁶. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

- (41) Leis an Treoir seo, cuirtear chun feidhme moltaí BERS⁴⁷ chun UBLanna agus an úsáid a bhaineann bainisteoirí na gcistí frithpháirteacha a chomhchuibhiú, lena n-áirítear GCUI, chun freagairt níos éifeachtaí ar bhrúnna leachtachta i dtráth anáis sa mhargadh a bheith ann agus chun infheisteoirí a chosaint ar bhealach níos fearr.
- (42) Chun a chur ar chumas chuideachtaí bainistíochta GCUI atá lonnaithe in aon Bhallstát chun déileáil le brúnna fuascailte faoi dhálaí anáis sa mhargadh, ba cheart a cheangal orthu UBL amháin ar a laghad a roghnú ón liosta comhchuibhithe a leagtar amach san Iarscríbhinn, de bhreis ar an bhféidearthacht fuascailtí a chur ar fionraí. Nuair a ghlacann cuideachta bainistíochta cinneadh chun UBL a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, ba cheart dó fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta. D'fhágfadh sé sin go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta in ann iarmhairtí teannais leachtachta sa mhargadh níos leithne a láimhseáil ar bhealach níos fearr.
- (43) Chun a bheith in ann cinneadh infheistíochta a dhéanamh i gcomhréir lena bhfionn riosca agus lena riachtanais leachtachta, ba cheart na coinníollacha le haghaidh úsáid UBLanna a chur in iúl d'infheisteoirí GCUI.
- (44) Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a iarraidh ar chuideachta bainistíochta GCUI an UBL iomchuí a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.
- (45) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach i réimse an bhainistithe priacail leachtachta ag bainisteoirí GCUI a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁸ chun an próiseas a shonrú maidir le UBLanna a roghnú a úsáid chun cóineasú sa mhargadh agus cóineasú maoirseachta a éascú. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM.
- (46) Chun tacú le faireachán margaidh a dhéanann na húdaráis mhaoirseachta, ba cheart feabhas a chur ar bhailiú agus ar roinnt na faisnéise a dhéantar trí thuairiscí

⁴⁶ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁴⁷ Moltaí an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistémach an 7 Nollaig 2017 maidir le rioscaí leachtachta agus gearála i gcistí infheistíochta BERS/2017/6, 2018/C 151/01.

⁴⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

maoirseachta trí GCUI a chur faoi réir oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta. Ba cheart a iarraidh ar na ÚMEanna agus ar BCE, le tacaíocht ó na húdaráis inniúla náisiúnta i gcás inar gá, measúnú a dhéanamh ar riachtanais sonraí na n-údarás maoirseachta éagsúil i bhfianaise na gceanglas tuairiscithe atá ann cheana faoi reachtaíocht eile an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta eile, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, Rialachán (AE) Uimh. 2019/834, Rialachán (AE) Uimh. 1011/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 1073/2013. Le toradh na hoibre ullmhúcháin sin, bheifí in ann cinneadh beartais eolasaigh a dhéanamh maidir lena mhéid ar cheart do GCUI tuarascáil a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir lena dtrádálacha agus cén foirm de lena mbaineann.

- (47) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach na n-oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 agus le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁹ chun ábhar, foirmeacha agus nósanna imeachta a leagan amach chun an próiseas tuairiscithe maoirseachta a dhéanann GCUI a chaighdeánú. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM.
- (48) Chun an próiseas tuairiscithe maoirseachta a chaighdeánú, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna bhforbairt ag ÚEUM a ghlacadh a mhéid a bhaineann leis na foirmeacha agus na caighdeáin sonraí, leis an minicíocht tuairiscithe agus le huainiú an tuairiscithe ag GCUI. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.
- (49) Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú, go háirithe chun a áirithiú go bhfuil sreabhadh faisnéise chobhsaí idir taisceánach shócmhainn GCUI agus an taisce, ba cheart an córas taisce a leathnú chun CSDanna a chur san áireamh sa tsraith cumhdaigh nuair a sholáthraíonn siad seirbhísí cumhdaigh do GCUI. Chun iarrachtaí iomarcacha a sheachaint, níor cheart do na taisclanna dícheall cuí ex-ante a dhéanamh i gcás ina bhfuil sé beartaithe acu cumhdach a tharmligean chuig CSDanna.
- (50) Chun tacú le cóineasú maoirseachta sa réimse tarmligin, ba cheart do ÚEUM piara-athbhreithnithe ar na cleachtais mhaoirseachta a dhéanamh agus béim a chur ar chruthú eintiteas bosca poist a chosc go háirithe. Chuirfeadh an anailís ar phiara-athbhreithnithe a dhéanfaidh ÚEUM leis an athbhreithniú ar na bearta a glacadh sa Treoir seo agus cuirfear in iúl leis do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir le cé na bearta breise a bhféadfadh gá a bheith leo chun tacú le héifeachtacht an chórais tarmligin a leagtar síos i dTreoir 2009/65/CE.
- (51) Chun feabhas a chur ar chomhoibriú agus éifeachtacht maoirseachta, ba cheart d'údarás inniúla an Bhallstáit óstaigh a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar iarraidh

⁴⁹ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

réasúnaithe chuig údarás inniúil Bhallstát baile GCUI chun gníomh maoirseachta a ghlacadh i gcoinne GCUI ar leith.

- (52) Ina theannta sin, chun feabhas a chur ar chomhoibriú maoirseachta, ba cheart do ÚEUM a bheith in ann a iarraidh ar údarás inniúil cás a chur in iúl do ÚEUM i gcás ina bhfuil impleachtaí trasteorann ag an gcás sin agus ina bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chosaint infheisteoirí nó ar chobhsaíocht airgeadais. Leis na hanailísí a dhéanann ÚEUM, tabharfar tuiscint níos fearr d'údaráis inniúla eile ar na saincheistanna a pléadh agus cuirfear le cásanna comhchosúla amach anseo a chosc agus cosnófar sláine na margaí GCUI.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2011/61/AE

Leasaítear Treoir 2011/61/AE mar a leanas:

- (1) in Airteagal 4(1), cuirtear isteach an pointe (ap) seo a leanas:

ciallaíonn ‘(ap) taisclann lárnach urrús’ taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*

* Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1)’;

- (2) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

- (a) i mír 4, cuirtear na pointí (c) agus (d) seo a leanas isteach:

‘(c) riar tagarmhairc i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1011;

(d) seirbhísiú creidmheasa i gcomhréir le Treoir 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;’;

- (b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Beidh feidhm ag Airteagal 2(2), Airteagal 15 agus Airteagal 16 cé is moite den chéad fhomhír de mhír (5), agus Airteagail 23, 24 agus 25 de Threoir 2014/65/AE i gcás ina soláthróidh BCIManna na seirbhísí dá dtagraítear i mír 4, pointí (a) agus (b).’;

- (3) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

- (a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ceanglóidh na Ballstáit ar BCIM a iarann ar údarú an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an BCIM a sholáthar faoi bhráid údaráis inniúla a Bhallstáit baile:

- (a) faisnéis maidir leis na daoine a dhéanann gnó BCIM go héifeachtach, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na feidhmeanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

(i) miontuairisc ar an ról, teideal agus leibhéal na sinsearachta atá acu;

(ii) tuairisc ar a línte tuairiscithe agus a bhfreagrachtaí san BCIM agus taobh amuigh den BCIM;

(iii) forléargas ar an am a leithdháileann siad ar gach freagracht;

- (iv) tuairisc ar na hacmhainní teicniúla agus daonna lena dtacaítear lena ngníomhaíochtaí;
- (b) faisnéis maidir le haitheantais scairshealbhóirí nó chomhaltaí BCIM, cibé faisnéis dhíreach nó indíreach, cibé daoine nádúrtha nó dlítheanacha, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu agus faisnéis maidir le méideanna na sealúchas sin;
- (c) clár gníomhaíochta lena leagtar amach struchtúr eagrúcháin BCIM, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag BCIM a n-oibleagáidí faoi Chaibidil II, III, IV agus i gcás inarb infheidhme, Chaibidil V, VI, VII agus VIII a chomhlíonadh, agus úsáidfidh BCIM miontuairisc na n-acmhainní daonna agus teicniúla iomchuí chuige sin;
- (d) faisnéis maidir leis na beartais agus na cleachtais luacha saothair de bhun Airteagal 13;
- (e) faisnéis maidir leis na socruithe arna ndéanamh le haghaidh tarmligean agus fotharmligean chuig tríú páirtithe na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 20 agus miontuairisc ar na hacmhainní daonna agus teicniúla atá le húsáid ag BCIM chun faireachán a dhéanamh ar an toscaire agus é a rialú.’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚEUM ar an eolas, gach ráithe, faoi údaruithe arna dtabhairt nó arna dtarraingt siar i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

Coinneoidh ÚEUM clár poiblí lárnach ina sainaithneofar gach BCIM arna údarú faoin Treoir seo, liosta CIManna san Aontas a bhainistíonn agus/nó a mhargaíonn na BCManna sin agus an t-údarás inniúil le haghaidh gach BCIM den sórt sin. Cuirfear an clár ar fáil i bhformáid leictreonach.

I gcás ina dtarmligeann BCIM níos mó feidhmeanna bainistithe punainne nó bainistíochta riosca chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha ná mar a choimeádann sé, tabharfaidh na húdaráis inniúla, ar bhonn bliantúil, fógra do ÚEUM faoi gach tarmligean den sórt sin (‘fógraí tarmligin’).

Beidh na nithe seo a leanas sna fógraí tarmligin :

- (a) faisnéis maidir leis an BCIM agus an CIM lena mbaineann;
- (b) faisnéis maidir leis an toscaire, lena sonraítear sainchónaí an toscaire agus cibé an eintiteas rialáilte é nó nach é;
- (c) tuairisc ar an mbainistiú punainne tarmligthe agus ar na feidhmeanna bainistíochta riosca;
- (d) tuairisc ar an mbainistiú punainne a coimeádadh agus ar na feidhmeanna bainistíochta riosca;
- (e) aon fhaisnéis eile is gá chun anailís a dhéanamh ar na socruithe tarmligin;
- (f) tuairisc ar ghníomhaíochtaí maoirseachta na n-údarás inniúil, lena n-áirítear athbhreithnithe doiciméad agus cigireachtaí ar an láthair agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin;
- (g) aon mhionsonraí maidir leis an gcomhoibriú idir údarás inniúil an BCIM agus údarás maoirseachta an toscaire.’

(c) cuirtear isteach na míreanna 8 agus 9 seo a leanas:

‘8. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun ábhar na bhfógraí tarmligin agus na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta atá caighdeánach le haghaidh tharchur na bhfógraí tarmligin i dteanga a úsáidtear i réimse an airgeadais. Áirítear leis na foirmeacha caighdeánacha agus na teimpléid chaighdeánacha réimsí faisnéise lena gcumhdaítear an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 5, an ceathrú fomhír.

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

9. Soláthróidh ÚEUM tuarascálacha bliantúla do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún, ar a laghad uair gach 2 bhliain, lena ndéantar anailís ar chleachtais sa mhargadh i dtaca le tarmligeán chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha agus le hAirteagail 7 agus 20 a chomhlíonadh.’;

(4) In Airteagal 8(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) go bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar na daoine a dhéanann gnó BCIM go héifeachtach agus go bhfuil taithí leordhóthanach acu freisin i ndáil leis na straitéisí infheistíochta atá á saothrú le CIM atá á bhainistiú ag BCIM, ainmneacha na ndaoine sin agus ainm gach duine a thagann ina ndiaidh san oifig a chuirtear in iúl d’údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM gan mhoill agus gnó BCIM a dhéanamh a bhíonn á bheartú ag beirt nádúrtha ar a laghad atá fostaithe go lánaimseartha ag an BCIM sin, nó atá tiomanta go lánaimseartha chun gnó an BCIM sin a dhéanamh agus ar daoine iad atá ina gcónaí san Aontas agus a chomhlíonann na coinníollacha sin;’;

(5) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

‘(d) maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le hiasachtaí a thabhairt, beartais, nósanna imeachta agus próisis éifeachtacha a chur chun feidhme maidir le creidmheas a dheonú, maidir le measúnú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa agus a bpunann creidmheasa a riar agus faireachán a dhéanamh air, coinnigh cothrom le dáta agus éifeachtach na beartais, na nósanna imeachta agus na próisis sin agus déan athbhreithniú rialta orthu agus ar a laghad uair amháin gach bliain.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas 4a go 4e isteach idir míreanna 4 agus 5:

‘4a. Áiritheoidh BCIM nach mbeidh níos mó ná 20 % de chaipiteal CIM i gceist le hiasacht arna tionscnamh chuig aon iasachtaí aonair trí bhíthin an CIM atá á bhainistiú aige, i gcás inarb é ceann díobh seo a leanas an t-iasachtaí:

(a) gnóthas airgeadais de réir bhrí Airteagal 13(25) de Threoir 2009/138/CE;

(b) gnóthas comhinfeistíochta de réir bhrí Airteagal 4(1), pointe (a) den Treoir seo nó de réir bhrí Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE.’

Beidh an srian a leagtar amach sa chéad fhomhír gan dochar do na tairseacha, na srianta agus na coinníollacha a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2015/760⁵⁰, (AE) 345/2013⁵¹ agus (AE) 346/2013⁵².

⁵⁰ Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lgh. 98–121).

4b. Maidir leis an teorainn infheistíochta de 20 % a leagtar síos i mír 4a:

- (a) beidh feidhm aici faoin dáta a shonraítear i rialacha nó in ionstraimí corpraithe CIM;
- (b) ní bheidh feidhm aici a luaite agus a thosóidh CIM ag díol sócmhainní chun aonaid nó scaireanna infheisteoirí a fhuascailt tar éis dheireadh shaolré CIM;
- (c) fionrófar í go sealadach le haghaidh tréimhse ama suas le 12 mhí i gcás ina dtiomsóidh CIM caipiteal breise nó ina laghdóidh sé an caipiteal atá aige cheana.

4c. Cuirfear san áireamh le dáta an chur i bhfeidhm dá dtagraítear i mír 4b, pointe (a), gnéithe agus tréithe áirithe na sócmhainní atá le hinfheistiú ag CIM, agus ní bheidh sé níos déanaí ná leathré an CIM mar a léirítear i ndoiciméid bhunaithe CIM. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh údarás inniúil BCIM, tráth a cuireadh plean infheistíochta isteach a bhfuil údar cuí leis, fadú ar an teorainn ama seo nach mó ná aon bhliain bhreise amháin a fhormheas.

4d. Ní thabharfaidh CIM iasachtaí do na heintitis seo a leanas:

- (a) a BCIM féin ná foireann a BCIM féin;
- (b) a thaisce;
- (c) an t-eintiteas ar tharmlig a BCIM feidhmeanna chuige i gcomhréir le hAirteagal 20.

4e. Áiritheoidh BCIM go gcoimeádfaidh an CIM atá á bhainistiú aige, ar bhonn leanúnach, 5 % de luach barúlach na n-iasachtaí a tionscnaíodh leis agus a seoladh ar an margadh tánaisteach ina dhiaidh sin.

Níl feidhm ag an gceanglas a leagtar amach sa chéad fhomhír maidir leis na hiasachtaí a cheannaigh CIM ar an margadh tánaisteach.’;

(6) in Airteagal 16, cuirtear isteach na míreanna 2a go 2h seo a leanas:

‘2a. Áiritheoidh BCIM gur iata é an CIF atá á bhainistiú aige má rachaidh luach barúlach na n-iasachtaí a tionscnaíodh leis thar 60 % dá ghlanluach sócmhainní.

Beidh an ceanglas a leagtar amach sa chéad fhomhír gan dochar do na tairseacha, na srianta nó na coinníollacha a leagtar amach i Rialacháin (AE) 345/2013, (AE) 346/2013 agus (AE) 2015/760.

2b. Tar éis do BCIM a bhainistíonn CIM iata measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht i ndáil leis an straitéis infheistíochta atá á saothrú, leis an bpróifil leachtachta agus leis an mbeartas fuascailte, roghnóidh sé ar a laghad uirlis bainistithe leachtachta iomchuí amháin ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn V, pointí 2 go 4, le haghaidh úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as ar mhaithe le hinfheisteoirí CIM. Cuirfidh BCIM beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta chun aon uirlis bainistithe leachtachta arna roghnú a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú agus le haghaidh na socrúithe oibríochtúla agus riaracháin chun an t-uirlis sin a úsáid.

⁵¹ Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lgh. 1–17).

⁵² Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lgh. 18–38).

2c. Féadfaidh BCIM a bhainistíonn CIM iata, ar mhaithe le hinfheisteoirí CIM, athcheannach nó fuascailt aonaid CIM a chur ar fionraí go sealadach nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a ghníomhachtú arna roghnú ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn V, pointí 2 go 4, agus a áirítear i rialacha an chiste nó in ionstraimí corpraithe BCIM.

Ní fhéadfar foráil a dhéanamh maidir leis an bhfionraí sealadach dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcásanna eisceachtúla ina n-éileofar sin leis na himthosca agus i gcásanna ina bhfuil údar leis an bhfionraí ag féachaint do leasa infheisteoirí CIM.

2d. Tabharfaidh BCIM, gan mhoill, fógra d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile nuair a dhéanann sé uirlis bainistithe leachtachta a luaitear in 2b a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.

Tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM fógra, gan mhoill, d'údaráis inniúla Ballstáit óstaigh BCIM, do ÉUUM agus do BERS faoi aon fhógra a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo.

2e. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil ar a laghad na huirlisí bainistithe leachtachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V ar fáil do BCIManna a bhainistíonn CIManna neamhiata.

2f. Forbróidh ÉUUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun saintréithe na n-uirlisí bainistithe leachtachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V a shonrú.

2g. Forbróidh ÉUUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le critéir le haghaidh roghnú agus úsáid na n-uirlisí bainistithe leachtachta oiriúnacha ag BCIManna le haghaidh bainistiú priacail leachtachta, lena n-áirítear nochtuithe iomchuí le hinfheisteoirí, lena gcuirtear san áireamh cumas na n-uirlisí sin buntáistí míchuí a laghdú d'infheisteoirí a dhéanann a n-infheistíochtaí a fhuascailt ar dtús, agus chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a mhaolú.

2h. Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i míreanna 2f agus 2g den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(7) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) Leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'1. BCIManna, a bhfuil sé i gceist acu an cúram a tharmligeann chuig tríú páirtithe ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a liostaítear in Iarscríbhinn I nó na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6(4) a dhéanamh thar a gceann, tabharfaidh siad fógra d'údaráis inniúla a mBallstáit baile sula dtiocfaidh na socruithe tarmलगin i bhfeidhm. Comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) ní mór don BCIM a bheith in ann a léiriú go bhfuil an toscaire cáilithe agus go bhfuil sé ar a chumas na feidhmeanna a dhéanamh agus na seirbhísí i gceist a sholáthar, gur roghnaíodh é le cúram cuí agus go bhfuil BCIM in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an ngníomhaíocht tharmलगithe tráth ar bith, chun tuilleadh treoracha a thabhairt don toscaire tráth ar bith agus chun an tarmलगean a tharraingt siar le héifeacht láithreach nuair is chun leasa na n-infheisteoirí é sin a dhéanamh.';

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Ní dhéanfaidh an fíoras gur tharmलग BCIM feidhmeanna chuig tríú páirtí, ná aon fhotharmलगean breise difear do dhliteanas BCIM idir é agus a chliaint, an CIM agus a infheisteoirí, ná ní dhéanfaidh BCIM a fheidhmeanna a tharmलगean sa mhéid nach féidir a

mheas, go bunúsach, gurb é bainisteoir CIM nó soláthraí na seirbhísí é, sa mhéid go mbeidh sé ina eintiteas bosca poist.’;

(c) I mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘4. Féadfaidh an tríú páirtí aon cheann de na feidhmeanna agus soláthar na seirbhísí arna dtarlúghean chuige a fhotharlúghean ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:’;

(8) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

‘(c) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear an taisce mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;’;

(d) na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna CIM neamh-AE a mhargú, agus a mhéid atá sé difriúil leo, Ballstát baile an BCIM, is iad a shínigh na comhaontú leis an tríú tír ina bhfuil an taisce bunaithe, ar comhaontú é a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus áirithítear leis malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha agus ní luaitear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann le conclúidí ón gComhairle 2020 maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach⁵³;’;

(b) Leasaítear mír 11 mar a leanas:

(i) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) d’fheidhmigh an taisce gach scil, cúram agus dícheall cuí agus aon tríú páirtí á roghnú agus á gceapadh ar mian leis codanna dá chúraimí a tharlúghean chuige, cé is moite de chás inar taisclann lárnach urrús é an tríú páirtí sin ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392* ón gCoimisiún, agus leanann sé de bheith ag feidhmiú gach scil, cúram agus dícheall cuí san athbhreithniú tréimhsiúil agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar aon tríú páirtí ar tharmlig sé codanna dá chúraimí chuige agus i socruithe an tríú páirtí i leith na gcúrsaí arna dtarlúghean chuige;

* Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2017/392 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais údarúcháin, mhaoirseachta agus oibríochtúla le haghaidh taisclanna lárnacha urrús (IO L 65, 10.3.2017, lch. 48);

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fomhír:

‘Chun críocha na míre seo, ní mheasfar gur tarmlighean feidhmeanna cumhdaigh na taisce é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ón gCoimisiún. ’;

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 16:

‘16. An fhaisnéis uile a fuair an taisce agus a cúraimí á ndéanamh aici agus ar fhaisnéis í a d’fhéadfadh a bheith riachtanach d’údaráis inniúla CIM nó BCIM, cuirfidh sí ar fáil í dá húdaráis inniúla, d’údaráis inniúla an CIM a cheap mar thaisce í agus d’údaráis inniúla an BCIM a bhainistíonn an CIM sin, arna iarraidh sin air, . Má tá údaráis inniúla CIM nó BCIM

⁵³ IO C 64, 27.2.2020, lch. 8.

difriúil le húdaráis inniúla na taisce, roinnfidh údaráis inniúla na taisce an fhaisnéis a fhaightear gan mhoill le húdaráis inniúla CIM agus BCIM.’;

(9) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) Leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) tuairisc ar bhainistiú priacail leachtachta CIM, lena n-áirítear na cearta fuascailte i ngnáthimthosca agus in imthosca eisceachtúla, lena nochtar an fhéidearthacht agus na coinníollacha le haghaidh uirlisí bainistithe leachtachta a úsáid a roghnaítear i gcomhréir le hAirteagal 16(2b), agus na socruithe fuascailte le hinfheisteacha atá ann cheana.’;

(ii) cuirtear isteach pointe (ia):

‘(ia) liosta na dtáillí agus na muirear a mbeidh feidhm acu i ndáil le hoibriú CIM agus a íocfaidh BCIM nó a chleamhnaithe.’;

(b) cuirtear na pointí (d), (e) agus (f) seo a leanas le mír 4:

‘(d) punann d’iasachtaí a thionscnaítear;

(e) ar bhonn ráithiúil, na táillí agus na muirir ar fad atá díreach agus indíreach a muirearaíodh nó a leithdháileadh go díreach nó go hindíreach ar CIM nó ar aon cheann dá infheistíochtaí;

(f) ar bhonn ráithiúil, aon mháthairghnóthas, fhoghnóthas nó eintiteas sainchuspóireach arna bhunú i ndáil le hinfheistíochtaí CIM ag BCIM, foireann BCIM nó cleamhnaithe díreacha nó indíreacha BCIM.’;

(10) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tabharfaidh BCIM tuarascáil go tráthrialta d’údaráis inniúla a Bhallstáit baile maidir leis na margaí agus na hionstraimí ina mbíonn sé ag trádáil thar ceann an CIM atá á bhainistiú aige.

Soláthrófar sa tuarascáil faisnéis maidir leis na hionstraimí ina mbíonn sé ag trádáil, na margaí a bhfuil sé ina chomhalta díobh nó ina mbíonn sé ag trádáil go gníomhach, agus risíochtaí gach CIM a bhíonn á bhainistiú aige.’;

(b) i mír 2, scriostar pointe (d);

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrú na mionsonraí atá le tuairisciú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2. Cuirfidh ÚEUM san áireamh ceanglais tuarascála eile a bhfuil na BCIManna faoina réir agus an tuarascáil a eisíodh i gcomhréir le mír 2 d’Airteagal 69b.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Cuir isteach dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(d) cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina sonrú:

- (a) na caighdeáin formáide agus sonraí le haghaidh na dtuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2;
- (b) minicíocht agus uainiú an tuairiscithe.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Cuir isteach dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.⁵⁴;

(11) in Airteagal 35(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;

(c) an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE, shínigh sí comhaontú le Ballstát baile an BCIM údaráithe agus gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna CIM neamh-AE a mhargú, a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus lena n-áirítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann le conclúidí ón gComhairle 2020 maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach⁵⁴.’;

(12) Leasaítear Airteagal 36(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849.’;

(b) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

(d) an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE, shínigh sí comhaontú le Ballstát baile an BCIM údaráithe agus gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna CIM neamh-AE a mhargú, a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus lena n-áirítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I a ghabhann le conclúidí ón gComhairle 2020 maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.’;

(13) in Airteagal 37(7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e) agus phointe (f):

‘(e) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear BCIM neamh-AE mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;

(f) shínigh an tríú tír ina mbunaítear BCIM neamh-AE comhaontú leis an mBallstát baile tagartha, a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus lena n-áirítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha agus ní luaitear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann le conclúidí ón gComhairle 2020 maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.’;

⁵⁴ IO C 64, 27.2.2020, lch. 8.

- (14) cuirtear an tAirteagal 38a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 38a

Piara-athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an chórais tarmligin

1. Déanfaidh ÚEUM, ar bhonn tráthrialta agus gach 2 bhliain ar a laghad, anailís piara-athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí maoirseachta na n-údarás inniúil i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 20. Direofar san anailís piara-athbhreithnithe sin ar na bearta arna nglacadh ionas nach mbeidh BCIManna ina n-eintitis bosca poist, BCIManna a dhéanann feidhmiú bainistithe punainne nó bainistithe priacail a tharmligean chuig tríú páirtithe atá lonnaithe i dtríú tíortha.
2. Agus ÚEUM ag déanamh na hanailíse piara-athbhreithnithe, úsáidfídh sé modhanna trédhearcacha chun measúnú agus comparáid oibiachtúil idir na húdaráis inniúla a ndéantar athbhreithniú orthu a áirithiú.’;

- (15) in Airteagal 40(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;

(c) shínigh an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE comhaontú leis an mBallstát tagartha agus gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna CIM neamh-AE a mhargú, a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha agus ní luaitear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann le conclúidí ón gComhairle 2020 maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.’;

- (16) Leasaítear Airteagal 42(1) mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE ná an BCIM neamh-AE mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849.’;

- (b) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

‘(d) shínigh an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE nó an BCIM neamh-AE comhaontú leis an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna CIM neamh-AE a mhargú, a chomhlíonann caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha agus nach luaitear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann le conclúidí ón gComhairle 2020 maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.’;

- (17) in Airteagal 46(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

‘(j) ar mhaithe le hinfheisteoirí nó leis an bpobal, ceanglas a chur ar BCIManna uirlis bainistithe leachtachta dá dtagraítear i bpointe 1 nó 2 d’Iarscríbhinn V nó arna roghnú ag BCIM i gcomhréir le hAirteagal 16(2b) a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, cibé acu is mó atá oiriúnach agus cineál CIM neamhiata nó grúpa CIManna neamhiata lena mbaineann á gcur san áireamh agus cosaint infheisteoirí nó rioscaí cobhsaíochta airgeadais a thugann gur gá an ceanglas seo a bheith ann.’;

(18) Leasaítear Airteagal 47 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Maidir leis an bhfaisnéis uile arna malartú faoin Treoir seo idir ÚEUM, na húdaráis inniúla, ÚBE, Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus BERS, measfar í a bheith rúnda, cé is moite de na cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina sonraíonn ÚEUM nó an t-údarás inniúil nó údarás nó comhlacht eile lena mbaineann tráth na cumarsáide gur féidir an fhaisnéis sin a nochtadh;
- (b) i gcás ina bhfuil gá le nochtadh le haghaidh imeachtaí dlíthiúla;
- (c) i gcás ina n-úsáidtear an fhaisnéis a nochtadh i bhfoirm achomair nó i bhfoirm chomhiomlán nach féidir rannpháirtithe aonair sa mhargadh airgeadais a shainaithint inti.

*Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).’;

(b) i mír 4, cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

‘(d) ceanglas a chur ar BCIManna neamh-AE a mhargaíonn san Aontas CIManna a bhíonn á mbainistiú acu nó BCIManna AE a bhíonn CIManna neamh-AE á mbainistiú acu uirlis bainistithe leachtachta dá dtagraítear i bpointe 1 nó 2 d’Iarscríbhinn V nó arna roghnú ag an BCIM a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, cibé acu is mó atá oiriúnach agus cineál an CIM neamhiata lena mbaineann agus na rioscaí cosanta infheisteoirí nó rioscaí cobhsaíochta airgeadais a thugann gur gá an ceanglas seo a bheith ann á gcur san áireamh.’;

(19) Leasaítear Airteagal 50 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag údaráis inniúla Ballstáit amháin chun bheith in amhras nach bhfuil gníomhartha contrártha don Treoir seo á gcur i gcrích nó curtha i gcrích ag BCIM nach bhfuil faoi réir mhaoirseacht na n-údarás inniúil sin, tabharfaidh siad fógra do ÚEUM agus d’údarás inniúla Bhallstáit baile agus óstach an BCIM lena mbaineann sa tslí is sonraí agus is féidir. Déanfaidh na húdaráis is faighteoirí gníomh iomchuí, cuirfidh siad ÚEUM agus na húdaráis inniúla a thugann fógra ar an eolas faoi thoradh an ghnímh sin agus, a mhéid is féidir, faoi fhorbairtí eatramhacha suntasacha. Beidh an mhír seo gan dochar d’inniúlachtaí an údarás inniúil a thugann fógra.’;

(b) cuirtear na míreanna 5a go 5g seo a leanas isteach:

‘5a. Cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM údaráis inniúla Bhallstát óstach an BCIM, ÚEUM agus BERS ar an eolas faoi sula ndéanfaidh siad cumhachtaí a fheidhmiú de bhun Airteagal 46(2), pointe (j), nó Airteagal 47(4), pointe (d).

5b. Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach BCIM a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos in Airteagal 46(2), pointe (j) nó Airteagal 47(4), pointe (d), lena sonraítear na cúiseanna leis an iarraidh agus lena dtugtar fógra do ÚEUM agus do BERS ina leith sin.

5c. I gcás nach n-aontaíonn údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 5b, cuirfidh sé údarás inniúil Bhallstát óstach an BCIM, ÚEUM agus BERS ar an eolas ina leith sin, agus sonróidh sé a chúiseanna.

5d. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas i gcomhréir le míreanna 5b agus 5c, eiseoidh ÚEUM tuairim chuig údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM maidir le cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos in Airteagal 46(2), pointe (j) nó Airteagal 47(4), pointe (d).

5e. I gcás nach ngníomhaíonn an t-údarás inniúil i gcomhréir le tuairim ÚEUM dá dtagraítear i mír 5d ná nach bhfuil rún aige í a chomhlíonadh, cuirfidh sé ÚEUM ar an eolas faoi, agus sonróidh sé a chúiseanna maidir leis an neamhchomhlíonadh nó an rún. Féadfaidh ÚEUM an fíoras a fhoilsiú nach gcomhlíonann údarás inniúil a chomhairle nó nach bhfuil sé i gceist aige a chomhairle a chomhlíonadh. Féadfaidh ÚEUM a chinneadh freisin, ar bhonn cás ar chás, na cúiseanna a thugann an t-údarás inniúil i ndáil leis sin a fhoilsiú. Tabharfaidh ÚEUM fógra roimh ré do na húdaráis inniúla faoin bhfoilsiú sin.

5f. Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach BCIM a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM, gan mhoill, cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos in Airteagal 46(2), lena sonraítear na cúiseanna leis an iarraidh agus lena dtugtar fógra do ÚEUM faoi agus má tá aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cobhsaíocht agus sláine an chórais airgeadais, do BERS ina leith sin.

Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát óstach an BCIM údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM agus ÚEUM ar an eolas agus, má tá aon rioscaí féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais, cuirfidh sé BERS ar an eolas faoi na cumhachtaí arna bhfeidhmiú agus faoina thorthaí gan mhoill.

5g. Féadfaidh ÚEUM a iarraidh ar an údarás inniúil mínithe i ndáil le cásanna sonracha a chur faoi bhráid ÚEUM, a bhfuil impleachtaí trasteorann i gceist leo, lena mbaineann saincheisteanna maidir le cosaint infheisteoirí nó a bhfuil rioscaí ag gabháil leo don chobhsaíocht airgeadais.’;

(c) cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena léirítear na cásanna ina bhféadfaidh na húdaráis inniúla na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 46(2), pointe (j) a fheidhmiú agus na cásanna ina bhféadfaidh siad na hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 5b agus 5f a chur chun cinn. Agus ÚEUM ag forbairt na gcaighdeán sin, cuirfidh sé san áireamh impleachtaí na hidirghabhála maoirseachta sin le haghaidh cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais i mBallstát eile nó san Aontas.

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(20) In Airteagal 61, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. I gcás ina bhfuil údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM nó i gcás nach bhfuil an CIM rialáilte, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM cead a thabhairt d’institiúidí dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 21(3) agus ar bunaíodh i mBallstát eile iad a bheith ceaptha mar thaisce. Beidh an fhoráil seo gan dochar do chur i bhfeidhm iomlán Airteagal 21, cé is moite de phointe (a) de mhír 5 den Airteagal sin maidir leis an áit ina mbunófar an taisce.’;

(21) cuirtear an tAirteagal 69b seo a leanas isteach:

Athbhreithniú

1. Faoin [Cuir isteach an dáta = 60 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus i ndiaidh na bpiara-athbhreithnithe a dhéanfaidh ÚEUM dá dtagraítear in Airteagal 38a agus i ndiaidh na dtuarascálacha a thabharfaidh sé ar aird i gcomhréir le hAirteagal 7(9), tionscnóidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo agus ar an taithí a fuarthas agus iad á gcur i bhfeidhm. Áireofar san athbhreithniú sin measúnú ar na gnéithe seo a leanas:
 - (a) an tionchar ar chobhsaíocht airgeadais maidir le hinfhaighteacht agus gníomhachtú uirlisí bainistithe leachtachta infhaighteacht ag BCManna;
 - (b) éifeachtúlacht na gceanglas údaraithe BCIM in Airteagail 7 agus 8 agus an córas tarmligin a leagtar síos in Airteagal 20 den Treoir seo maidir le cruthú eintiteas bosca poist san Aontas a chosc;
 - (c) oiriúnacht na gceanglas is infheidhme maidir le BCManna a bhainistíonn CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí a leagtar síos in Airteagal 15;
 - (d) oiriúnacht na Treorach seo a chomhlánú le pas taisce.
2. Faoin [Cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh ÚEUM tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le forbairt bailiúcháin sonraí maoirseachta chomhtháite, ina ndíreofar ar conas an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) laghdú a dhéanamh ar réimsí dúblála agus neamhréireachtaí idir na creataí tuairiscithe san earnáil bainistíochta sócmhainní agus in earnálacha eile den tionscal airgeadais;
 - (b) caighdeánú sonraí agus comhroinnt agus úsáid éifeachtúil sonraí a thuairiscítear cheana laistigh d'aon chreat tuairiscithe de chuid an Aontais ag aon údarás inniúil ábhartha, ar leibhéal an Aontais nó náisiúnta.
3. Agus ÚEUM ag ullmhú na tuarascála dá dtagraítear i mír 2, oibreoidh ÚEUM i ndlúthchomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile agus, i gcás inarb ábhartha, na húdaráis inniúla náisiúnta.
4. Tar éis an athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 1 agus tar éis dul i gcomhairle le ÚEUM, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena gcuirtear conclúidí na hathbhreithnithe sin i láthair.';
- (22) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;
- (23) Déantar an téacs atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a chur isteach mar Iarscríbhinn V.

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir 2009/65/CE

Leasaítear Treoir 2009/65/CE mar a leanas:

- (1) Cuirtear an pointe (u) seo a leanas isteach in Airteagal 2(1):

ciallaíonn ‘(u) taisclann lárnach urrús’ taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.’

* Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1);’

(2) Leasaítear Airteagal 7(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) tá dea-cháil leordhóthanach ar na daoine a dhéanann gnó cuideachta bainistíochta go héifeachtach agus tá taithí leordhóthanach acu freisin i ndáil leis an gcineál GCUI atá á bhainistiú ag an gcuideachta bainistíochta, ainmneacha na ndaoine sin agus ainm gach duine a thagann ina ndiaidh san oifig lena nglactar in iúl do na húdaráis inniúla agus iompar ghnó na cuideachta bainistíochta a bhíonn á bheartú ag beirt nádúrtha ar a laghad atá fostaithe go lánaimseartha ag an gcuideachta bainistíochta sin, nó atá tiomanta go lánaimseartha chun gnó na cuideachta bainistíochta sin a dhéanamh agus is daoine iad atá ina gcónaí sa Aontas a chomhlíonann na coinníollacha sin;

(c) gabhann iarratas ar údarú le clár gníomhaíochta lena leagtar amach, ar a laghad, struchtúr eagrúcháin na cuideachta bainistíochta, lena sonraítear na hacmhainní teicniúla agus daonna a úsáidfear chun gnó na cuideachta bainistíochta a dhéanamh, faisnéis faoi na daoine a dhéanann gnó na cuideachta bainistíochta sin go héifeachtach, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

(i) miontuairisc ar an ról, teideal agus leibhéal na sinsearachta atá acu;

(ii) tuairisc ar a línte tuairiscithe agus a bhfreagrachtaí taobh istigh agus taobh amuigh den chuideachta bainistíochta;

(iii) forléargas ar an am a leithdháileann siad ar gach freagracht;’;

(b) cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

‘(e) soláthraíonn an chuideachta bainistíochta faisnéis maidir leis na socruithe arna ndéanamh le haghaidh feidhmeanna a tharmligean chuig tríú páirtithe dá dtagraítear in Airteagal 13 agus miontuairisc na n-acmhainní daonna agus teicniúla atá le húsáid ag an gcuideachta bainistíochta chun faireachán a dhéanamh ar an toscaire agus é a rianú.’;

(3) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) Leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘1. Cuideachtaí bainistíochta, a bhfuil sé i gceist acu cúram a tharmligean chuig tríú páirtithe, ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a liostaítear in Iarscríbhinn II agus na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6(3) a dhéanamh thar a gceann, tabharfaidh siad fógra d’údaráis inniúla a mBallstáit baile sula dtiocfaidh na socruithe tarmligin i bhfeidhm. Comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ní féidir leis an sainordú éifeachtúlacht na maoirseachta thar an gcuideachta bainistíochta a chosc agus, go háirithe, ní féidir leis an sainordú an chuideachta bainistíochta a chosc ar ghníomhú, nó GCUI a chosc ó bheith á bhainistiú, ar mhaithe le leas a n-infheisteoirí agus a gcliant.’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (g), (h) agus (i):

‘(g) ní féidir leis an sainordú na daoine a dhéanann gnó na cuideachta bainistíochta a chosc tuilleadh treoracha a thabhairt don ghnóthas a dtarmlichtear feidhmeanna nó soláthar seirbhísí chuige tráth ar bith nó an sainordú a tharraingt siar le héifeacht láithreach nuair is chun leasa infheisteoirí agus cliant é.

(h) ag féachaint do nádúr na bhfeidhmeanna agus na soláthar seirbhísí atá le tarmligean, ní mór don ghnóthas a ndéanfar feidhmeanna nó soláthar seirbhísí a tharmligean chuige a bheith cáilithe agus in ann na feidhmeanna a dhéanamh agus na seirbhísí i gceist a dhéanamh; agus

(i) ní mór na seirbhísí agus na feidhmeanna a tugadh cead don chuideachta bainistíochta a tharmligean i gcomhréir leis an Airteagail seo a liostú i réamheolairí GCUI;’;

(iv) cuirtear isteach an pointe (j) seo a leanas:

‘(j) ba cheart don chuideachta bainistíochta a bheith in ann údar a thabhairt lena struchtúr toscaireachta ar fad ar chúiseanna oibiachtúla.’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní dhéanfaidh tarmligean aon fheidhmeanna nó soláthair seirbhísí ag an gcuideachta bainistíochta chuig tríú páirtithe difear do dhliteanas na cuideachta bainistíochta ná don taisce. Ní dhéanfaidh an chuideachta bainistíochta a bhfeidhmeanna ná a soláthar seirbhísí a tharmligean sa mhéid nach féidir a mheas, go bunúsach, í a bheith ina bainisteoir GCUI agus sa mhéid go mbeidh sí ina eintiteas bosca poist.’;

(c) cuirtear isteach na míreanna 3, 4, 5 agus 6 seo a leanas:

‘3. I gcás ina dtarmligtear cuideachta bainistíochta níos mó feidhmeanna bainistithe punainne nó bainistíochta riosca chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha ná mar a choimeádann sé, tabharfaidh na húdaráis inniúla, ar bhonn bliantúil, fógra do ÚEUM faoi gach tarmligean den sórt sin (‘fógraí tarmलगin’).

Beidh na nithe seo a leanas sna fógraí tarmलगin:

- (a) faisnéis maidir le GCUI agus a chuideachta bainistíochta lena mbaineann;
- (b) faisnéis maidir leis an toscaire, lena sonraítear sainchónaí an toscaire agus cibé an eintiteas rialáilte é nó nach é;
- (c) tuairisc ar an mbainistiú punainne tarmलगithe agus ar na feidhmeanna bainistíochta riosca;
- (d) tuairisc ar an mbainistiú punainne a coimeádadh agus ar na feidhmeanna bainistíochta riosca;
- (e) aon fhaisnéis eile is gá chun anailís a dhéanamh ar na socruithe tarmलगin;
- (f) tuairisc ar ghníomhaíochtaí maoirseachta na n-údarás inniúil, lena n-áirítear athbhreithnithe doiciméad agus cigireachtaí ar an láthair agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin;
- (g) aon mhionsonraí maidir leis an gcomhoibriú idir an t-údarás inniúil agus údarás maoirseachta an toscaire.

4. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeán theicniúla rialála chun ábhar na bhfógraí tarmलगin agus na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta atá caighdeánach le haghaidh tharchur na bhfógraí tarmलगin i dteanga a úsáidtear i réimse an airgeadais. Áirítear leis na foirmeacha caighdeánacha agus na teimpléid chaighdeánacha réimsí faisnéise lena gcumhdaítear an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 3.

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

5. Soláthróidh ÚEUM tuarascálacha bliantúla do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún, ar a laghad uair gach 2 bhliain, lena ndéantar anailís ar chleachtais sa mhargadh i dtaca le tarm chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha agus le hAirteagail 7 agus 13 a chomhlíonadh.

6. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 112a, bearta a ghlacadh lena sonrófar an méid seo a leanas:

- (a) na coinníollacha chun na ceanglais a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh;
 - (b) na coinníollacha faoina measfar go ndearna cuideachta bainistíochta GCUI a bhfeidhmeanna a tharmligean sa mhéid go mbeidh sé ina heintiteas bosca poist agus nach féidir í a mheas mar bhainisteoir GCUI a thuilleadh mar a leagtar amach i mír 2.’;
- (4) cuirtear an tAirteagal 18a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 18a

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ar a laghad na huirlisí bainistithe leachtachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA ar fáil do GCUI.
 2. Tar éis do chuideachta bainistíochta measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht i ndáil leis an straitéis infheistíochta atá á saothrú, leis an bpróifil leachtachta agus leis an mbeartas fuascailte, roghnóidh sé ar a laghad uirlis bainistithe leachtachta iomchuí amháin ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA, pointí 2 go 4, agus áireofar leis an gciste rialacha nó ionstraimí corpraithe na cuideachta infheistíochta le haghaidh úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as ar mhaithe le hinfheisteoirí GCUI. Cuirfidh an chuideachta bainistíochta chun feidhme beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta le haghaidh aon uirlis bainistithe leachtachta arna roghnú a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú agus na socruithe oibríochtúla agus riaracháin le haghaidh úsáid an chineáil uirlise sin.
 3. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun saintréithe na n-uirlisí bainistithe leachtachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA a shainiú agus a shonrú.
 4. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le critéir le haghaidh roghnú agus úsáid na n-uirlisí bainistithe leachtachta oiriúnacha ag cuideachtaí bainistíochta le haghaidh bainistiú priacail leachtachta, lena n-áirítear nochtuithe iomchuí le hinfheisteoirí, lena gcuirtear san áireamh cumas na n-uirlisí sin buntáistí míchuí a laghdú d’infheisteoirí a dhéanann a n-infheistíochtaí a fhuascailt ar dtús, agus chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a mhaolú.
 5. Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 3 agus mír 4 a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;
- (5) cuirtear na hAirteagail 20a agus 20b seo a leanas isteach:

'Airteagal 20a

1. Tabharfaidh cuideachta bainistíochta tuarascáil go tráthrialta d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile maidir leis na margaí agus na hionstraimí ina mbíonn sé ag trádáil thar ceann an GCUI atá á bhainistiú aige.
2. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrú na mionsonraí atá le tuairisciú i gcomhréir le mír 1. Cuirfidh ÚEUM san áireamh ceanglais tuarascála eile a bhfuil na cuideachtaí bainistíochta faoina réir agus an tuarascáil eisithe i gcomhréir le hAirteagal 20b.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Cuir isteach dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

3. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina sonrú an méid seo a leanas:
 - (a) na caighdeáin formáide agus sonraí le haghaidh na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 1;
 - (b) minicíocht agus uainiú an tuairiscithe.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Cuir isteach dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 20b

1. Faoin [Cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh ÚEUM tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le forbairt bailiúcháin sonraí maoirseachta chomhtháite, ina ndíreofar ar conas an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (b) laghdú a dhéanamh ar réimsí dúblála agus neamhréireachtaí idir na creataí tuairiscithe san earnáil bainistíochta sócmhainní agus in earnálacha eile den tionscal airgeadais agus
 - (c) feabhas a chur ar chaighdeánú sonraí agus comhroinnt agus úsáid éifeachtúil sonraí a thuairiscítear cheana laistigh d'aon chreat tuairiscithe de chuid an Aontais ag aon údarás inniúil ábhartha, ar leibhéal an Aontais nó náisiúnta.
2. Agus ÚEUM ag ullmhú na tuarascála dá dtagraítear i mír 1, oibreoidh ÚEUM i ndlúthchomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile agus, i gcás inarb ábhartha, na húdaráis inniúla náisiúnta.';
- (6) Leasaítear Airteagal 22a mar a leanas:
 - (a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) d’fheidhmigh an taisce gach scil, cúram agus dícheall cuí agus aon tríú páirtí á roghnú agus á gceapadh a bhfuil sé beartaithe aici codanna dá cúraimí a tharmligean chuige, cé is moite de chás inar taisclann lárnach urrús é an tríú páirtí sin ag gníomhú di cáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392* ón gCoimisiún, agus leanann sé de bheith ag feidhmiú gach scil, cúram agus dícheall cuí san athbhreithniú tréimhsiúil agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar aon tríú páirtí a ndearna codanna dá chúraimí a tharmligean chuige agus i socrúithe an tríú páirtí i leith na gcúrsaí arna dtarmligean chuige.

* Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2017/392 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais údarúcháin, mhaoirseachta agus oibríochtúla le haghaidh taisclanna lárnacha urrús (IO L 65, 10.3.2017, lch. 48)’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Chun críocha na míre seo, ní mheasfar gur tarmligean feidhmeanna cumhdaigh na taisce é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ón gCoimisiún.’;

(7) in Airteagal 29(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ní mór dea-cháil leordhóthanach a bheith ar stiúrthóirí na cuideachta infheistíochta agus taithí leordhóthanach a bheith acu freisin i ndáil leis an gcineál gnó a shaothraíonn an chuideachta infheistíochta agus, chuige sin: ní mór ainmneacha na stiúrthóirí agus ainm gach duine a thagann ina ndiaidh san oifig a chur in iúl do na húdaráis inniúla; ní mór do bheirt fhostaithe lánaimseartha nó beirt daoine nádúrtha ar a laghad, an gnó a dhéanann cuideachta infheistíochta a chinneadh, sin beirt atá tiomanta go lánaimseartha chun gnó na cuideachta bainistíochta sin a dhéanamh agus atá ina gcónaí sa Aontas’, a chomhlíonann na coinníollacha sin; agus ciallóidh ‘stiúrthóirí’ na daoine sin a dhéanann, faoi dhlí nó ionstraimí corpraithe, ionadaíocht thar ceann na cuideachta infheistíochta, nó a chinneann beartas na cuideachta go héifeachtach,’;

(8) In Airteagal 84, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. De mhaolú ar mhír 1:

- (a) Féadfaidh GCUI, ar mhaithe lena sealbhóirí aonad, athcheannach nó fuascailt a n-aonaid a chur ar fionraí go sealadach nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a ghníomhachtú arna roghnú i gcomhréir le hAirteagal 18a(2);
- (b) ar mhaithe leis na sealbhóirí aonad nó leis an bpobal, féadfaidh údaráis inniúla Ballstát baile GCUI a cheangal ar GCUI uirlis bainistithe leachtachta a ghníomhachtú dá dtagraítear i bpointí 1 nó 2 d’Iarscríbhinn IIA nó a roghnaigh GCUI agus ar chuir GCUI ar an eolas faoi i gcomhréir le hAirteagal 18a(2), cibé acu is mó atá oiriúnach agus cineál GCUI agus na rioscaí a thugann gur gá an beart seo a bheith ann á gcur san áireamh.

Déanfar foráil maidir leis an bhfionraí sealadach dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír i gcásanna eisceachtúla amháin ina n-éileofar sin leis na himthosca agus i gcásanna ina bhfuil údar leis an bhfionraí ag féachaint do leasa na sealbhóirí aonad.

3. Cuirfidh GCUI na húdaráis inniúla seo a leanas ar an eolas, gan mhoill, nuair a dhéanann sé uirlis bainistithe leachtachta a ghníomhachtú dá dtagraítear i mír 2, pointe (a): údaráis inniúla a Bhallstáit baile agus údaráis inniúla na mBallstát uile ina margaíonn sé a aonaid.

Cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile GCUI, gan mhoill, ÚEUM agus BERS ar an eolas faoi aon fhógraí a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo.

3a. Tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile GCUI fógra d'údaráis inniúla na mBallstát uile ina margaíonn GCUI a aonaid, do ÚEUM agus do BERS sula ndéanfaidh siad cumhachtaí a fheidhmiú de bhun mhír 2, pointe (b).

3b. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina margaíonn GCUI a aonaid a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile GCUI cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos i mír 2, pointe (b), agus sonrúidh sé na cúiseanna leis an iarraidh sin agus tabharfaidh sé fógra do ÚEUM agus do BERS ina leith sin.

3c. I gcás nach n-aontaíonn údarás inniúil Bhallstát óstach GCUI leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 3b, cuirfidh sé an t-údarás inniúil iarrthach, ÚEUM agus BERS ina leith sin ar an eolas faoi, agus sonrúidh sé na cúiseanna leis an easaontas.

3d. Ar bhonn na faisnéise a fuarthas i gcomhréir le míreanna 3b agus 3c, eiseoidh ÚEUM tuairim chuig údarás inniúil Bhallstát baile GCUI maidir le cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos mír 2, pointe (b).

3e. I gcás nach ngníomhaíonn an t-údarás inniúil i gcomhréir le tuairim ÚEUM dá dtagraítear i mír 3d ná nach bhfuil sé beartaithe aige í a chomhlíonadh, cuirfidh sé ÚEUM ar an eolas faoi, agus sonrúidh sé na cúiseanna maidir leis an neamhchomhlíonadh nó an intinn. Féadfaidh ÚEUM an fíoras a fhoilsiú nach gcomhlíonann údarás inniúil a chomhairle nó nach bhfuil sé i gceist aige a chomhairle a chomhlíonadh. Féadfaidh ÚEUM a chinneadh freisin, ar bhonn cás ar chás, na cúiseanna a thugann an t-údarás inniúil i ndáil leis sin a fhoilsiú. Tabharfaidh ÚEUM fógra roimh ré do na húdaráis inniúla faoin bhfoilsiú sin.'

3f. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeán theicniúla rialála lena léirítear na cásanna ina bhféadfaidh na húdaráis inniúla na cumhachtaí a leagtar amach i mír 2, pointe (b) a fheidhmiú. Agus ÚEUM ag forbairt na gcaighdeán sin, cuirfidh sé san áireamh impleachtaí na hidirghabhála maoirseachta sin le haghaidh cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais i mBallstát eile nó san Aontas.

Tarmilgítear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(9) in Airteagal 98, cuirtear na míreanna 3 agus 4 seo a leanas leis:

'3. Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach GCUI a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile GCUI, gan mhoill, cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos i mír 2, lena sonraítear na cúiseanna lena iarraidh agus lena dtugtar fógra do ÚEUM faoi agus má tá aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cobhsaíocht agus sláine an chórais airgeadais, do BERS ina leith sin.

Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát óstach an GCUI údarás inniúil Bhallstát baile an GCUI agus ÚEUM ar an eolas gan mhoill, agus, má tá aon rioscaí féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais, cuirfidh sé BERS ar an eolas, faoi na cumhachtaí arna bhfeidhmiú agus faoina thorthaí gan mhoill.'

4. Féadfaidh ÚEUM a iarraidh ar an údarás inniúil mínithe i ndáil le cásanna sonracha a chur faoi bhráid ÚEUM, a bhfuil impleachtaí trasteorann i gceist leo, lena mbaineann saincheisteanna maidir le cosaint infheisteoirí nó a bhfuil rioscaí ag gabháil leo don chobhsaíocht airgeadais.';

(10) cuirtear an tAirteagal 101a seo a leanas isteach:

'Airteagal 101a

1. Déanfaidh ÚEUM, ar bhonn tráthrialta agus gach 2 bhliain ar a laghad, anailís piara-athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí maoirseachta na n-údarás inniúil i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 13. Díreofar san anailís piara-athbhreithnithe sin ar na bearta arna nglacadh ionas nach mbeidh cuideachtaí bainistíochta ina n-eintitis bosca poist, cuideachtaí a dhéanann feidhmiú bainistithe punainne nó bainistithe priacail a tharmligean chuig tríú páirtithe atá lonnaithe i dtríú tíortha.
 2. Agus ÚEUM ag déanamh na hanailíse piara-athbhreithnithe, úsáidfídh sé modhanna trédhearcacha chun measúnú agus comparáid oibiachtúil idir na húdaráis inniúla a ndéantar athbhreithniú orthu a áirithiú.';
- (11) cuirtear an tAirteagal 110a seo a leanas isteach:

'Airteagal 110a

Faoin [Cuir isteach an dáta = 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus i ndiaidh na bpiara-athbhreithnithe agus na hanailíse dá dtagraítear in Airteagal 101a agus i ndiaidh na tuarascála a thabharfaidh sé ar aird i gcomhréir le hAirteagal 13(4), tionscnóidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcóras tarmligin a leagtar síos in Airteagal 13 ag féachaint do chruthú eintiteas bosca poist san Aontas a chosc.';

- (12) Leasaítear Airteagal 112a mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

Déanfar an chumhacht chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 4 bliana amháil ó [Cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo.]';

(b) I mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 12, 13, 14, Airteagail 18a, 20a, 26b, Airteagal 43, Airteagal 50a, Airteagail 51, 60, 61, 62, 64, 75, 78, 81, 95 agus 111 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.';

(c) I mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 12, 13, 14, 18a, 20a, 26b, 43, 50a, 51, 60, 61, 62, 64, 75, 78, 81, 95 agus 111 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.';

- (13) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo;
- (14) Déantar an téacs atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo a chur isteach mar Iarscríbhinn IIA.

Airteagal 3

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.
2. Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [...].
3. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.
4. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*